

# NSAI 20 BLIAIN



**NSAI**



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

## Sracfhéachaint ar an mbliain 2017



**1,490**

Caighdeán foilsithe



**1,442**

Saineolaí ar na coistí



**166**

Caighdeán athbheithnithe



**12,857**

Caighdeán díolta ar fud an domhain



**4**

Caighdeán Éireannacha nua cruthaithe



**69**

Caighdeán tarraingthe siar



**>23,000**

Líon iomlán na gcaighdeán i gcatalóg NSAI



**1,030**

Líon iomlán na n-eagraíochtaí a deimhníodh



**30%**

Méadú ar líon na leantóirí ar na meáin shóisialta



**14,763**

Líon na gcigireachtaí ar uirlisí a rinne an fheidhm Méadreolaíochta Dlí



**646**

Iniúchadh i gcomhair Comhartha CE ar tháirgí foirgníochta



**16,931**

Duine liostaithe leis an ríomhiris



**2,457**

Úsáideoir cláraithe ar 'Your Standards, Your Say'

## Clár na nÁbhar

Le 20 bliain anuas, tá na caighdeáin agus an t-eolas teicniúil ag NSAI chun seirbhísí a sholáthar do ghnólachtaí d'fhonn féachaint chuige nach é amháin go bhfuil bealach níos éifeachtaí ó thaobh costais de ag an gcuideachta chun rialacháin agus caighdeáin a chomhlíonadh, ach freisin gur fearr an riocht ina bhfuil sí chun méadú agus chun breis deiseanna tairisceana a thapú.

|   |    |
|---|----|
| Sracfhéachaint ar an mbliain 2017       | i  |
| Misean, Fís agus Luachanna              | 2  |
| Forléargas ar NSAI                      | 3  |
| Teachtaireacht ón gCathaoirleach        | 4  |
| Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach | 6  |
| Imeachtaí Suntasacha in 2017            | 9  |
| An saol laethúil                        | 13 |
| NSAI ar an bhfód le 20 Bliain           | 16 |
| Caighdeáin in 2017                      | 18 |
| Deimhniúchán in 2017                    | 21 |
| An Mhéadreolaíocht in 2017              | 26 |
| NSAI Inc. in 2017                       | 30 |
| Ráiteas um Rialachas Corparáideach      | 33 |
| Ráiteas Airgeadais Chomhdhlúite         | 39 |
| larscríbhinn                            | 68 |



## Misean, Fís agus Luachanna



### An Misean atá againn

Ina cháil mar phríomhúdarás na hÉireann do sheirbhísí caighdeánaithe, deimhniúcháin agus tomhais, cuidíonn NSAI leis an timpeallacht ghnó is fearr is féidir a chothú le haghaidh na trádála agus na nuálaíochta trí shármhaitheas agus saineolas maidir le seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar.



### An Fhís atá Againn

A bheith inár bpríomhsholáthraí in Éirinn i ndáil le caighdeán, deimhniúchán agus saineolas tomhais den chéad scoth chun éascú don trádáil agus chun tacú le fás geilleagrach inbhuanaithe.



## Our Values

### Saineolas

Aithnímid a thábhachtaí atá an saineolas teicniúil atá againn agus spreagaimid muid féin chun a bheith seasta á bheachtú lena chinntiú go gcoinneoidimid suas le hathruithe.

### Tiomantas

Cinntimid go nglacaimid cur chuige atá comhsheasmhach, dearfach inár gcuid oibre trí dhúthracht agus díograis na foirne.

### Neamhchlaontacht

Cosnaímid neamhchlaontacht NSAI, lena ráthaítear nach mbeidh togracht ar bith i gceist inár gcuid oibre ná sa phlé eadrainn féin agus gnólachtaí nó an pobal.

### Rannpháirtíocht

Tá meas againn ar ár gcustaiméirí agus bímid rannpháirteach, measúil agus muid ag éisteacht le daoine eile agus ag tabhairt freagra orthu.

### Bród as an Obair a Dhéanaimid

Táimid bródúil as ár gcuid oibre, rud a chothaíonn an tsármhaitheas agus a spreagann gach duine le bheith freagrach as ardchaighdeán oibre a dhéanamh.

### Críochnúlacht

Is mór againn an chríochnúlacht inár gcuid oibre, agus ní mór don obair sin a bheith fóna san fhadtréimhse agus ní mór athruithe féideartha a chur san áireamh inti.


## Forléargas ar NSAI

Bunaíodh NSAI faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 agus tuairiscíonn sé don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é NSAI an ghníomhaireacht stáit ar a bhfuil cúram i dtaobh caighdeánú, measúnú comhréireachta agus tomhais agus tá sé ina aidhm aige feidhmíocht ghnó na hÉireann a fheabhsú agus tomhaltóirí a chosaint trí chaighdeáin a ullmhú, cigireacht a dhéanamh ar uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil, agus iniúchtaí a dhéanamh agus deimhnithe a eisiúint i ndáil le feidhmiú na gcaighdeán i leith earraí, seirbhísí agus tomhas.

Dá réir sin, soláthraíonn NSAI seirbhís chuimsitheach deimhniúcháin lena gcuirtear ar a gcumas do ghnólachtaí a léiriú go gcloínn earraí agus seirbhísí Éireannacha leis na caighdeáin is airde.

Is mar seo a leanas a bhainimid amach ár gcuid spriocanna:

- ▶ Trína spreagadh go mbainfear úsáid as caighdeáin d'fhonn cabhrú le gnólachtaí ar fud na tíre
- ▶ Trí chaighdeáin, teoracha, moltaí agus cóid chleachtais a ullmhú i leith na dtionscal déantúsaíochta agus na dtionscal seirbhísí
- ▶ Trí earnáil na tionsclaíochta a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhforbairt caighdeán ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal na hEorpa agus an leibhéal idirnáisiúnta, agus éascú dóibh chuige sin
- ▶ Trí dheimhniúchán a aithnítear go hidirnáisiúnta a sholáthar do ghnólachtaí maidir le táirgí, próisis nó cleachtais
- ▶ Trína chinntiú go bhfuil fáil ag earnáil na tionsclaíochta ar chaighdeáin tomhais atá inrianaithe ar bhonn idirnáisiúnta, agus na caighdeáin sin a choinneáil cothrom le dáta
- ▶ Trí sheirbhísí calabrúcháin a sholáthar i dtaobh tomhas fíor-bheacht a dhéanamh
- ▶ Trí mhaoirseacht a dhéanamh ar thomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear i mbun trádála



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach



Is cosúil go bhfuil athrú éigin tagtha i mbliana ar an mbunús atá le geilleagar trádála na hÉireann toisc gur fhág an neamhchinnteacht maidir le socrú deireadh an Bhreitheachta agus na toghcháin i mórchumhachtaí Eorpacha na Fraince agus na Gearmáine gur baineadh an bonn den status quo a bhíodh láidir, cobhsaí. Ach in ainneoin sin, is maith an riocht ina bhfuil an tír tríd is tríd. Bhí an dífhostaíocht ar an leibhéal ab ísle le fada an lá ag deireadh na bliana, bhí onnmhairí ar leibhéal ní b'airde ná riamh, agus bhí an méadú ar OTI ar an gceann is láidre sa limistéar euro.

Agus é ag feidmiú mar lárionad feabhais na tíre maidir le forbairt caighdeán, deimhniúchán agus méadreolaíocht, bhí ról tábhachtach ag NSAI maidir le héascú don bhorrhadh leanúnach sin ar an ngeilleagar. Trí dhlúthchomhairle rialta le lucht tionsclaíochta, leis an rialtas agus le páirtithe leasmhara eile, chinntigh an eagraíocht go raibh agus go mbeidh bonneagar trádála láidir slán ann do tháirgí agus seirbhísí atá bunaithe ar chaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá áthas orm a rá gur féidir le níos mó ná 3,000 gnólacht Éireannach a dhearbhu gurb iad na caighdeáin an bealach is fearr chun muintín an chustaiméara a chothú ina gcuid táirgí, freastal ar cheanglais rialála, feabhas a chur ar an éifeachtúlacht ar fud gach gné de ghnó agus rochtain a fháil ar an margadh ar fud an domhain.

Táim bródúil as a bheith ag tabhairt faoi ról an Chathaoirligh in eagraíocht a bhfuil súil dhaingean aici ar a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus í fós ag cloí leis an leibhéal is airde rialachais chorpóraidigh.

Cé gur eagraíocht bheag é, is maith an cháil atá ar NSAI agus tá teist den scoth aige i bpobal idirnáisiúnta an chaighdeánaithe. Is amhlaidh atá a bhuí leis na baill foirne ardcháilithe, dhíograiseacha atá ag obair linn le fada an lá, a bhíonn ag obair ar a ndíchill lena chinntiú go bhfuil NSAI ina phríomhsholáthróir seirbhísí caighdeán, deimhniúcháin agus tomhais den chéad scoth a éascaíonn don trádáil agus a thacaíonn le timpeallacht gheilleagrach inbhuanaithe.

Faoi stiúir an Phríomhfheidhmeanaigh, Geraldine Larkin, táim ag súil go leanfaidh NSAI ar aghaidh ag comhlíonadh na spriocanna a leagadh amach sa phlean straitéiseach 2016-2020 agus táim ag tnúth le cuidiú leis an eagraíocht an méid sin a bhaint amach.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le moladh a thabhairt don obair a rinne an Cathaoirleach atá ag dul as oifig, Julie O'Neill Uasal, an Cathaoirleach eatramhach, Kieran Ryan, agus Comhaltaí an Bhoird chun plean straitéiseach láidir a ullmhú, a bheidh ina threoir agamsa agus mé i mo Chathaoirleach. Ina theannta sin, tacaíonn gníomhaíochtaí NSAI le clár an Phlean Gníomhaíochta bhliantúil do Phoist, a bhfuil ról aige maidir le:

- ▶ feabhas a chur ar na tacaí do chuideachtaí a bhíonn ag gabháil don taighde, don fhorbairt agus don nuálaíocht,
- ▶ Foireann Uirlisí a fhorbairt ar mhaithe leis an Nuálaíocht san Ionad Oibre,
- ▶ Éire a chur amach chun tosaigh in earnálacha ar leith chun nuálaíocht, cinnteacht agus dea-cháil na tíre thar lear a spreagadh, agus
- ▶ tionchar féideartha an Bhreitheachta a bhainistiú.

Gabhaim mo bhuíochas leis an iomaí eagraíocht, ball coiste agus saineolaí tionscail as an gcuidiú mór a thug siad dúinn thar na blianta. D'éascaigh siad do rannpháirtíocht an tionscail san obair a bhaineann le caighdeánú agus do chur le feasacht an phobail ar raon feidhme agus tábhacht na gcaighdeán.

Ina theannta sin, ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD, don Aire Stáit um Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen T.D. agus dá gcomhghleacaithe sa Roinn as an tacaíocht a thug siad do NSAI le linn 2017.

Mar fhocal scoir, i gcomhréir le forálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI), 1996, thar ceann an Bhoird agus an Údaráis, cuirim faoi bhur mbráid an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017.



**JAMES KENNEDY**  
Cathaoirleach



## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Is mór an sásamh a bhain mé as na chéad deich mí atá caite agam i ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus mé i gcomhairle le húinéirí gnó, fiontraithe, lucht acadúil, baill de choistí caighdeán agus eagraíochtaí gairmiúla ionas go gcloisfinn féin cén tairbhe ó thaobh an ghnó atá le baint as na seirbhísí agus gníomhaíochtaí de chuid NSAI. Sa ról atá againn mar Chomhlacht Náisiúnta na hÉireann um Chaighdeáin, bímid seasta ar ár ndícheall ag éascú don nuálaíocht agus d'fhorbairt fiontar, ag athbhunú an chumais iomaíochais agus ag feabhsú na feidhmíochta gnó an oiread is féidir.

Tá sé á aithint ag níos mó agus níos mó gnólachtaí gur féidir le caighdeáin buntáiste iomaíoch a thabhairt dóibh agus an ceann is fearr a fháil ar bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ar chúrsaí trádála. Tá tacaíocht i leith na tuairime sin i dtuarascáil a d'ullmhaigh an tIonad um Eacnamaíocht agus Taighde Gnó (Cebr), inar cinneadh go mbíonn ról lárnach ag Caighdeáin maidir le tacú le téarnamh geilleagrach na hÉireann, atá fós ar bun, trí chuidiú go mór le trádáil agus OTI agus trí phoist nua a chruthú.


D'fhoilsigh NSAI 1,490 caighdeán i rith na bliana, agus ina measc bhí ceithre chaighdeán nua Éireannacha i réimsí amhail an fhoirgníocht agus an déantúsaíocht. Fágann sé sin go bhfuil breis is 23,000 caighdeán san iomlán sa chatalóg againn anois. Chláraigh líon níos mó úsáideoirí ná mar a raibh súil againn leis a gcuid sonraí ar an tairseach 'Your Standards, Your Say' agus tá 1,442 Éireannach páirteach faoi láthair i gceapadh caighdeáin na todhcháí dá n-earnáil, trí bheith ina mbaill de choistí deonacha in Éirinn, san Eoraip agus níos faide ó bhaile.

Tá na mílte eagraíochtaí in Éirinn ag baint úsáid as caighdeáin cheana féin, nó tá siad deimhnithe i leith phríomhchaighdeáin an domhain maidir le córais

bhainistíochta cáilíochta agus comhshaoil. Agus muid ag breathnú chun cinn go dtí 2018, áirítear leis na garspriocanna is tábhachtaí an spriocdháta do chuideachtaí chun an leagan is nua de na caighdeáin thábhachtacha sin a chur i bhfeidhm, agus tabhairt isteach caighdeáin idirnáisiúnta nua maidir le córais bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde. Le I.S. ISO 45001, cuirfeadh ar a gcumas d'eagraíochtaí dul i ngleic lena n-oibleagáidí dlíthiúla trí chaighdeán um chóras bainistíochta a úsáid mar chreat, rud a laghdáíonn iarmhairtí de bharr gortuithe ag an obair agus galair cheirde, iarmhairtí amhail cailteanais mar gheall ar dhaoine ag dul ar scor go luath, baill foirne a bheith as láthair agus méadú ar phrímheanna árachais, i gcás fostóirí agus an mhórgheilleagair araon. Faigheann 2.78 milliún duine bás i dtimpistí san ionad oibre ar fud an domhain gach bliain, lena n-áirítear 50 duine ar an meán in Éirinn, agus mar sin ba chóir fáilte mhór a chur roimh an gcaighdeán sin.

In 2017 rinneadh athbhreithniú ar an gCaighdeán Athbhreithnithe um Pírléimíocht, a mbaineann innealtóirí, geolaithe agus saineolaithe teicniúla eile leas as agus measúnú á dhéanamh acu ar fhoirgnimh ina bhfuil an phírleimíocht i bhfeidhm ar na hábhair






faoin urlár talún. Tá sé i gceist leis an leagan nua é a fhágáil níos éasca aicmiú a dhéanamh ar áitribh a bhfuil an phírít imithe i bhfeidhm orthu, lena n-áirítear níos mó ná 12,000 áit chónaithe, agus ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le baill an choiste agus leis na daoine den phobal a chuidigh go mór leis an athbhreithniú sin. Tá súil agam go bhfágfaidh an caighdeán athbhreithnithe gur soiléire a bheith cúrsaí do dhaoine atá buailte ag an bhfadhb sin

Ina theannta sin, cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála ón nGrúpa Saineolaithe um Míoca, a chinn i mí an Mheithimh gur fhág an t-imeacht ó chaighdeán go bhfuil mianraí easnamhacha i mbloic coinchréite a úsáideadh i dtithe i nDún na nGall agus i Maigh Eo. Cuireadh de chúram ar NSAI prótacal caighdeánaithe a fhorbairt chun measúnú agus catagóiriú a dhéanamh ar an damáiste atá déanta do na háitribh atá i gceist agus táimid i mbun comhairle anois leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an gcaoi is fearr chun an moladh sin a chur chun feidhme.

Táimid leathbhealaigh tríd an bPlean Straitéiseach 2016-2020 dár gcuid anois agus tá áthas orm a rá go bhfuil an-dul chun chinn déanta ag NSAI chun na cuspóirí agus na spriocanna dúshlánacha atá leagtha amach againn a bhaint amach. Is maith mar a d'fhreastail an rannóg Méadreolaíochta Dlí ar an bpríomhchuspóir atá againn maidir le cúrsaí trádála a éascú: rinne sí cigireacht i mbliana ar bheagnach 15,000 uirlis tomhais a úsáidtear sa trádáil. Cosnaíonn an tseirbhís phoiblí sin gnólachtaí agus tomhaltóirí araon, agus is léir an méid sin ón ionchúiseamh a rinneadh i mbliana ar phróiseálaí éisc a bhí ag baint do scálaí. Measaimid gur tromchúiseach an rud é neamhchomhlíonadh in earnáil ar bith, agus leanfaidh NSAI ar aghaidh ag úsáid cumhacht iomlán na reachtaíochta atá ar fáil dó chun déileáil go héifeachtach leis an bhfadhb sin.



## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach

Tugadh suntas do thábhacht agus sochair an deimhniúcháin tráth arb ann don eagraíocht seo le 20 bliain. Fuair 20 eagraíocht Gradam Dearcna de chuid NSAI as ucht deimhniúchán a bhaint amach agus a choinneáil i leith caighdeáin ghnó thábhachtacha idirnáisiúnta thar thréimhse fiche bliain.

De réir mar a dhíríonn gnólachtaí ar airgead a shábháil chomh maith le cuidiú le hacmhainní a chaomhnú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, is cúis mhisnigh dom a rá go bhfuil méadú faoi chúig, beagnach, tagtha ar líon na ngnólachtaí atá deimhnithe ag NSAI i leith an chaighdeáin ISO 50001 maidir le Bainistíocht Fuinnimh in 2017. Is féidir bunús an chaighdeáin idirnáisiúnta sin a rianú ar ais go caighdeán Éireannach I.S. 393, rud a thugann fianaise ar an gcion atá déanta ag Éirinn maidir le clár oibre idirnáisiúnta a bhunú maidir leis an gcaighdeánú.

Tá NSAI ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn agus lena cuid gníomhaireachtaí chun neartú a dhéanamh ar an seasamh atá ag Éirinn mar mhol tosaigh le haghaidh feistí leighis, ag cruthú timpeallacht “lárionaid feabhais” do chuideachtaí ar mian leo a gcuid táirgí agus seirbhísí leighis a thabhairt ó staid an choincheapa go dtí an margadh san Eoraip. Tugann an Rialtas ardtosaíocht don earnáil sin, agus soláthraíonn Rannóg Feistí Leighis NSAI seirbhís Comharthaí CE don tionscal leighis, agus mar chuid den chúram sin soláthraíonn sí seirbhísí treorach i dtaobh rialála chun cabhrú le cliant a thuiscint conas a fheidhmíonn an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Feistí Leighis i dtaobh a gcuid táirgí féin. Chuige sin, rinneadh dul chun cinn nach beag in 2017 tráth ar ainmníodh NSAI mar cheann de na hEagraíochtaí Údaraithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta don Chlár Iniúchta Aonair i gcomhair Feistí Leighis (MDSAP). Ina theannta sin, cuireadh iarratais faoi bhráid an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte le haghaidh Comh-Mheasúnaithe mar chomhlacht dá dtugtar fógra faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis (MDR). Fuair NSAI 261 iarratas i leith feistí leighis i mbliana.

D'éirigh go geal leis an Rannóg Mótarfheithiclí dár gcuid in 2017: d'éisigh sí breis is 8,300 cead gluaisteáin náisiúnta agus cead gluaisteáin Eorpach i leith feithiclí, a gcomhpháirteanna agus a gcóras, agus í ag díriú ar réimsí ar nós astaíochtaí, cumhacht innill, bonn agus criosanna sábhála.

Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil feabhas tagtha ó anuraidh ar na hagaí slánúcháin maidir le próiseáil a dhéanamh ar cheadanna gluaisteáin. Laghdaíodh an mheántréimhse ama a thógann sé Cead Feithicle Aonair a eisiúint i gcás tiománaithe faoi mhíchumas ó 14 lá go sé lá, agus is leath an méid ama (deich lá) a thógann sé Cead Feithicle Aonair a eisiúint i gcatagóirí eile anois le hais mar a bhíodh. Sin feabhas suntasach i gcomparáid le 2016, agus leanfaimid ar aghaidh ag díriú ar é a fheabhsú tuilleadh.

Tá an taighde fós ina chuid thábhachtach de na gníomhaíochtaí Méadreolaíochta agus tháinig méadú eile fós ar líon na laethanta taighde i leith 2017, go 578, de réir mar a choinnigh an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta uirthi ag obair i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe Eorpacha dá cuid trí rannpháirtíocht i gcúig thionscadal taighde faoin gClár Méadreolaíochta Eorpach um Thaighde agus Nuálaíocht (EMPIR).

Beidh dúshláin nach bhfacthas a leithéid roimhe seo romhainn in 2018 i bhfianaise na neamhchinnteachta a bhaineann leis an mBreaitimeacht agus leis an toradh deiridh a bheidh ar an bpróiseas sin. Mar sin féin, fágann sé sin go bhfuil deis le tapú ag gnólachtaí i dtaobh measúnú riosca a dhéanamh ar a neamhchosanta atá a samhlacha gnó, agus freisin ar a stuama atá a gcaighdeáin seirbhíse agus a gcaighdeáin táirgí chun dul i mbun iomaíochta sa mhargadh atá ag teacht chun cinn. Ach pleanáil réamhghníomhach a dhéanamh anois, ag tosú le tástáil folláine ar chórais bhainistíochta atá i bhfeidhm faoi láthair agus an Breaitimeacht ar intinn acu, cuideofar leo ullmhú le haghaidh cibé toradh a bheidh ann agus is féidir le caighdeáin a bheith ina gcuid den réiteach sin. Ceapadh an leagan is déanaí de I.S. ISO 9001 go sonrach ionas gur fearr an rochtain air a bheidh ag eagraíochtaí lasmuigh den earnáil déantúsaíochta agus is mó agus is mó an úsáid atá eagraíochtaí ag baint as de réir a chéile, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse amháil ospidéal, bainc nó ollscoileanna.

Is iomaí tuairisc atá foilsithe faoi na dúshláin atá le sárú ag Éirinn agus ag lucht gnó na hÉireann le linn an téarnaimh gheilleagraigh atá ar siúl faoi láthair agus tráth a bhfuilimid ag teannadh leis na hathruithe a thiocfaidh ar chúrsaí de bharr an Bhreaitimeachta. Bealach tábhachtach amháin is ea na caighdeáin chun dul i ngleic leis na dúshláin sin agus deiseanna féideartha a thapú. Is sa chomhthéacs sin a fheictear dom go bhfuil caighdeáin, measúnú comhréireachta agus an mhéadreolaíocht ina dtacaí rithábhachtacha don lucht gnó. Tá NSAI tiomanta do sholáthar a dhéanamh ar phríomhchodanna an bhonneagair trádála a fhágann gur féidir le lucht tionscail agus le tomhaltóirí dul i mbun gnó le meon lánmhuiníne.

Anois, thar aon am eile, tá cinnteacht ag teastáil ó ghnólachtaí Éireannacha. Agus beagán le cois bliana romhainn go dtiocfaidh athrú bunúsach ar an ngaol atá idir an tír seo agus a comharsa is gaire, a hiomaitheoir agus a comhghuaillí, ní mór do ghnólachtaí ardtosaíocht a thabhairt don athrú mór sin.

Mar fhocal scoir, ní bheadh aon cheann d'éachtaí na bliana anuraidh bainte amach againn murach ár bhfoireann ard-oilte, thiomanta. Bíonn siadsan ag obair gach lá lena chinntiú go mbaineann daoine tairbhe as an teagmháil idir iad féin agus NSAI agus gur dea-eispéaras a bhíonn acu siúd a dhéanann teagmháil linn, ag teacht lenár gcuid luachanna sonraithe. Is mian liom aitheantas a thabhairt don chion leanúnach sin a dhéanann siad i dtaobh tacú le bonneagar trádála éifeachtach na tíre seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin dár gcomhpháirtithe tionsclaíochta agus dár gcomhpháirtithe sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta as an tacaíocht uathu, agus gabhaim mo bhuíochas le Bord NSAI agus a lucht bainistíochta as an obair chrua a rinne siad i rith na bliana.



**GERALDINE LARKIN**  
Príomhfheidhmeannach

# Imeachtaí Suntasacha in 2017

I mí Aibreáin 2017, bhí 20 bliain imithe tharainn ó bunaíodh NSAI faoin Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann. Ó shin i leith, tá níos mó ná 23,000 caighdeán foilsithe ag NSAI, i réimsí cosúil le cúram sláinte, foirgníocht, bia, teicneolaíocht agus an comhshaol. Trí NSAI, tá lucht gnó na hÉireann amuigh chun tosaigh agus caighdeán á bhforbairt acu d'úsáideoirí náisiúnta agus úsáideoirí idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear cinn lena gclúdaítear clogaid iománaíochta, sábháilteacht bia, uisce buidéal, sláinte agus sábháilteacht cheirde, soilsiú éigeandála agus bainistíocht fuinnimh i measc a lán eile.

Le 20 bliain anuas, ghlac gnólachtaí Éireannacha caighdeán agus a gcuid córas bainistíochta á bhforbairt acu, agus is ionann anois an leibhéal deimhniúcháin náisiúnta in aghaidh an duine sa tír seo agus an leibhéal atá ann i measc ár gcomhpháirtithe trádála san Eoraip. Ina cháil mar chomhlacht deimhniúcháin atá aitheanta go hidirnáisiúnta, tá níos mó ná 3,000 deimhniú eisithe ag NSAI anois d'eagraíochtaí in Éirinn agus ar fud an domhain maidir le caighdeán a chur i bhfeidhm i leith earraí, seirbhísí agus tomhais.

Tá athrú suntasach tagtha ar an teicneolaíocht tomhais thar an tréimhse sin agus tá seirbhísí NSAI tagtha chun cinn ar mhaithe le féachaint chuige go mbeidh rochtain ag gnólachtaí na hÉireann ar aonaid tomhais atá inrianaithe ar bhonn idirnáisiúnta sa tSaotharlann Mhéadreolaíochta dár gcuid. Ar an mbonn laethúil, rinne NSAI cigireacht agus fíorú ar bhreis is 250,000 uirlis tomhais trádála ó 1997 i leith, lena n-áirítear scálaí ag an bpointe díola, caidéal pheitрил, droichid mheáite agus tacsaiméadair, chun gnólachtaí a chosaint agus a chinntiú go bhfaigheann tomhaltóirí an rud as a n-íocann siad.



**NSAI**



## Eanáir:

Bhunaigh NSAI coiste scáthánaithe Biteicneolaíochta



## Feabhra:

Ceapadh Geraldine Larkin  
ina Príomhfheidhmeannach  
ar NSAI

# Imeachtaí Suntasacha in 2017



## Márta:

Ionchúiseamh déanta ar phróiseálaí éisc i nDún na nGall tar éis imscrúdú a rinne NSAI

## Bealtaine:

Bronnadh deimhniú ar 24 eagraíocht



## Meitheamh:

Bhí NSAI ina ósta ag tionól ginearálta IQNet i mBaile Átha Cliath tráth ar bronnadh Gradam Dearsca na dá chuid ar 20 eagraíocht as ucht deimhniú a bhaint amach agus a choinneáil i leith caighdeán ghnó thábhachtacha idirnáisiúnta thar thréimhse fiche bliain.



# NSAI

AG CEILIÚRADH  
**20**  
BLIAIN

## Aibreán:

Bhí NSAI 20 bliain ar an bhfód



## Iúil:

D'fháiltigh NSAI roimh fhoilsiú na tuarascála ón nGrúpa Saineolaithe um Míoca

## Lúnasa:

D'fhoilsigh NSAI caighdeán athbhreithnithe maidir le Pirít imoibríoch



## Meán Fómhair:

Thug NSAI caighdeán sláinteachais bia do na heagraíochtaí carthanachta FoodCloud



## Deireadh Fómhair:

Ag Fóram Caighdeán bliantúil NSAI, tugadh aitheantas do na baill choiste is faide atá ag fónamh



## Samhain:

Cuireadh bailiúchán caighdeán NSAI ar fáil in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath











## Nollaig:

Bronnadh deimhniú ar 27 eagraíocht

# Imeachtaí Suntasacha in 2017

## Cuid de na caighdeáin nua ó 2017

|       |  |   |   |   |
|-------|--|---|---|---|
| EAN   |  |   | <b>I.S. EN 15224</b><br>Córais bainistíochta cáilíochta – maidir le cúram sláinte |    |
| FEABH | <b>I.S. 813:2014</b><br>Suiteálacha gáis tí                          |    |   |   |
| MÁRTA |  |   |   |   |
| AIB   | <b>I.S. EN 16853</b><br>Caomhnú na hOidhreachtá Cultúrtha            |   |   |   |
| BEAL  |  |   | <b>I.S. EN 716-1</b><br>Trosacán – Cliabháin Leanáí                               |   |
| MEITH |  |   |   |   |
| IÚIL  | <b>I.S. EN ISO 18295</b><br>Ionaid Teagmhála le Custaiméirí          |  |   |   |
| LÚN   |  |   | <b>I.S. EN ISO 22112</b><br>Fiaclóireacht – Fiacla Saorga                         |  |
| MFÓMH |  |   |   |   |
| DFÓMH | <b>I.S. EN 1406</b><br>Ceimiceáin a úsáidtear chun uisce a chóireáil |  |   |   |
| SAMH  |  |   | <b>I.S. 435-1</b><br>Fálta Cuailí agus Ráillí Cois Bóthair                        |  |
| NOLL  |  |   |   |   |

## Fostaithe de chuid NSAI



**137**

Fostaí  
lánaimseartha



**17**

Tá 17 fostaí  
lánaimseartha  
ag NSAI Inc.

ina  
gcuimsítear



**44%**

Mná



**56%**

Fir







# NSAI ar anbhfód le 20 Bliain

# NSAI ar an bhfód le 20 Bliain

## 21 Caighdeán in 21 Bliain



**1997 – I.S. EN 574**

Sábháilteacht innealra dhá lámhe



**1998 – I.S. 341**

Caighdeáin bhia – miondíol, mórdíol agus lónadóireacht



**1999 – I.S. ISO 6222**

Cáilíocht uisce



**2000 – I.S. ISO 8601**

Formáid dáta agus ama



**2001 – I.S. ISO 4217**

Cóid airgeadra



**2002 – I.S. ISO/IEC 12097**

Feithiclí bóthair – comhphárteanna maláí aeir



**2003 – I.S. ISO 13485**

Feistí leighis



**2004 – I.S. ISO 14001**

Bainistíocht chomhshaoil



**2005 – I.S. ISO/IEC 27001**

Córais bainistíochta slándála faisnéise



**2006 – I.S. 380**

Áilleacht agus teiripe iomlánaíoch – bainistiú ionad oiliúna



**2007 – OHSAS18001**

Bainistíocht sláinte agus sábháilteacht cheirde



**2008 – I.S. 3217**

Soilsiú éigeandála



**2009 – I.S. 440**

Áitribh creatadhmaid



**2010 – I.S. ISO 26000**

Freagracht shóisialta chorporáideach



**2011 – I.S. ISO 50001**

Bainistíocht fuinnimh



**2012 – I.S. ISO 25539-2**

Steintíní soithíocha



**2013 – I.S. ISO 3166-1**

Cóid tíre



**2014 – I.S. ISO 9362**

Baincéireacht – cód aitheantóra gnó



**2015 – I.S. EN 12520**

Troscán – neart, marthanacht agus sábháilteacht



**2016 – I.S. ISO 18461**

Staitisticí músaeim idirnáisiúnta



**2017 – I.S. 435**

Fálta cuailí agus ráillí cois bóthair

## Stair NSAI



1997

**1997** Bunaíodh NSAI leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996

Ceapadh Simon Kelly ina  
Phríomhfheidhmeannach

Ceapadh Dan Tierney ina Chathaoirleach

**1998** Rinneadh an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí a ionchorprú le NSAI

**1999** Freagracht as an tSaotharlann Náisiúnta Mhéadreolaíochta aistrithe chuig NSAI



2001

**2006** Ceapadh Maurice Buckley ina  
Phríomhfheidhmeannach



2007

**2007** Ceapadh Anne Riordan ina  
Cathaoirleach

**2008** Bhog NSAI isteach ina Cheanncheathrú  
nua i gCearnóg Swift, Baile Átha Cliath

**2013** Ceapadh Julie O'Neill ina Cathaoirleach

**2017** Ceapadh Geraldine Larkin ina  
Príomhfheidhmeannach

# Caighdeán in 2017

## Caighdeán

Cuireann caighdeán rudaí ag obair agus bíonn siad thart timpeall orainn gach uile lá. Déantar ár gcuid fón póca, ár n-innill níocháin, na gluasteáin a thiomáinimid agus na bréagáin a mbíonn ár gcuid leanaí ag spraoi leo sa chaoi is go gcomhlíonfaidh siad caighdeán den scoth, chun féachaint chuige go mbeidh siad ar chálíocht ard agus go mbeidh siad sábháilte agus éifeachtúil. Tá na caighdeán riachtanach chun an trádáil idirnáisiúnta a éascú agus cabhraíonn siad le gnólachtaí agus le heagraíochtaí dul i dtír ar an margadh domhanda, dul i mbun nuálaíochta ann agus a bheith iomaíoch ann, agus is féidir le rialtais iad a cheadú agus reachtaíocht á forbairt acu.

Sa ról atá aige mar bhall náisiúnta de na heagraíochtaí caighdeán idirnáisiúnta, tugann NSAI saineolaithe le chéile chun eolas a chomhroinnt agus Caighdeán Idirnáisiúnta dheonacha, atá ábhartha don mhargadh, a bhunú ar bhonn comhpháirtíochta chun tacú leis an nuálaíocht agus réitigh a fháil ar dhúshlán dhomhanda.

Chomh maith leis an ngné idirnáisiúnta, in 2017 foilsíodh caighdeán nua de chuid na hÉireann, lena n-áirítear an caighdeán athbhreithnithe maidir le Pírit Imoibríoch, I.S. 398 agus an Cód Cleachtas athbhreithnithe maidir le Leagan Sclátaí agus Tíleanna, S.R. 82:2017. Ba Chaighdeán Éireannacha iad trí cinn as measc na 5 chaighdeán arbh fhearr a raibh díol orthu, lenar clúdaíodh Sláinteachas Bia agus Soilsiú Éigeandála.

Le linn 2017, bhain NSAI amach ráta feidhmiúcháin 99.7% in aghaidh na tíre i leith foilsiú caighdeán CEN agus CENELEC ag baill náisiúnta.

Is féidir le gnólachtaí caighdeán a ghlacadh ar bhonn deonach mura bhfuil sé éigeantach faoin reachtaíocht, agus is éard atá i gceist le caighdeán ná doiciméad atá comhaontaithe ar bhonn comhthola, ina soláthraítear ceangaltais, sonraíochtaí, treoirilínte nó saintréithe is féidir a úsáid go comhsheasmhach lena chinntiú go bhfuil ábhair, táirgí, próisis agus seirbhísí oiriúnach dá gcuispóir beartaithe.



# >23,000

Líon iomlán na gCaighdeán i gCatalóg NSAI



# 1,490

Líon na gcaighdeán a foilsíodh nó a ndearnadh athbhreithniú orthu in 2017

ina gcuimsítear



# 1,324

Caighdeán nua



# 166

Caighdeán Athbhreithnithe nó Leasaithe



# 69

Bunús

Tarraingthe siar



# 4

ó Éirinn (NSAI)

# 989

ó CEN



# 362

ó CENELEC


# 135

ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO)



# Caighdeán in 2017

Caighdeán na hEorpa – Iomlán na bhFoilseachán ó CEN/CENELEC de réir earnála



Tá catalóg na gcaighdeán de chuid NSAI ar fáil in **10** n-institiúid tríú leibhéal in Éirinn



**>177**

Coiste Caighdeán



**18**

gCruinniú Idirnáisiúnta in Éirinn



**1,442**

Comhalta Gníomhach de chuid na gCoistí



**353**

Caighdeán Nua in 2017



**12,857**

Caighdeán díolta ar fud an domhain



**2,457**

Úsáideoir Cláraithe ar an Tairseach 'Your Standards Your Say'



**6,819**

Caighdeán díolta in Éirinn



**15%**

# Caighdeán in 2017

## Na 5 Chaighdeán ar Díoladh an Líon ba mhó díobh in Éirinn in 2017

|                           |  |
|---------------------------|--|
| 1. I.S. 813               | Suiteálacha Gáis Tí  |
| 2. I.S. 340:2007          | Sláinteachas san Earnáil Lónadóireachta                              |
| 3. I.S. 3217:2013         | Soilsiú Éigeandála   |
| 4. I.S. EN ISO 9000:2015  | Córais Bainistíochta Cáilíochta – Gnéithe bunúsacha agus téarmaíocht |
| 5. I.S. EN ISO 14000:2015 | Córais bainistíochta comhshaoil – Riachtanais agus treoir úsáide     |

Leis na cúig chaighdeán a bhfuil an t-éileamh is mó orthu, tugtar an-léargas dúinn ar ghlacadh caighdeán ag gnólachtaí Éireannacha: tá caighdeán a bhaineann le hoibleagáidí comhlíontachta sa chéad trí áit, agus tá na caighdeán a bhaineann leis na córais bhainistíochta is mó a úsáidtear ag teacht sna sála orthu.

Tá comhlíonadh i gcás suiteálacha gáis tí leagtha amach sa reachtaíocht, agus tá na ceanglais dlí a bhaineann le gnólachtaí lónadóireachta agus soilsiú éigeandála leagtha amach in dhá chaighdeán Éireannacha. Tugtar treoir sa dá chaighdeán dheonacha sin maidir le conas an reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh.



# Deimhniúchán in 2017

## Sármhaitheas Ghnó

Is féidir le deimhniú a bheith ina uirlis úsáideach chun meas ar d'eagraíocht a chothú nó fadhb a réiteach trína léiriú go bhfuil do ghnó, do chuid táirgí nó do chuid seirbhísí ag freastal ar ionchais na gcustaiméirí. I gcás roinnt tionscal, is ceanglas dlí nó ceanglas conartha é an deimhniú.

Laistigh de ghné an Bhairr Feabhais Ghnó, tá NSAI dírithe go príomha ar chaighdeán maidir le córais bhainistíochta, lena gclúdaítear an chaoi a bhainistíonn eagraíocht na codanna idirghaolmhara dá gnó chun a cuspóirí a bhaint amach.

Mar chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe, tá NSAI ar thús cadhnaíochta maidir lena chinntiú go mbeidh rochtain ag eagraíochtaí in Éirinn ar raon leathan scéimeanna deimhniúcháin a chuidíonn le gnólachtaí cloí leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.

Anois agus níos mó agus níos mó gnólachtaí ag lorg deiseanna chun dul i mbun nuálaíochta, éifeachtúlacht agus cáilíocht a fheabhsú agus a léiriú go bhfuil an dlí á chomhlíonadh, cuirfidh na seirbhísí iniúchóireachta neamhspleácha a sholáthraíonn NSAI ar a gcumas dóibh a sheiceáil an bhfuil a gcuid éachtaí ag teacht lena gcuspóirí agus a léiriú go bhfuil an caighdeán á chomhlíonadh acu.

### Ar an mBóthar



# 16

Seónna Bóthair saor in aisce maidir le ISO 9001, ISO 13485 agus ISO 14001



# 949

Duine tar éis freastal orthu



# 309

Deimhniú nua eisithe do

# 123

Eagraíocht in 2017



# 1,848

Iniúchadh déanta



# 1,030

Líon iomlán na n-eagraíochtaí a deimhníodh

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach


De réir mar a thagann an timpeallacht ghnó chun cinn, tá tábhacht níos mó á leagan ar an gcaidreamh idir eagraíocht agus an tsochaí ina mbíonn sí ag feidhmiú. Ag obair dó le Business in the Community Ireland (BITCI) tríd an gComhartha Business Working Responsibly, tá NSAI ag cur ar a gcumas do ghnólachtaí aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht agus ar an bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach agus tuiscint a fháil orthu.



# 29

Ball Deimhnithe de  
'Business in the Community'

Baill dheimhnithe de 'Business in the Community' de réir earnála





## Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha

Coinníodh leis an téarnamh in earnáil na foirgníochta ar feadh na bliana 2017: cruthaíodh 12,000 post nua agus bhí an t-aschur ar an leibhéal ab airde le 16 bliana anuas, de réir na bhfigiúirí oifigiúla.

Bhí an méadú sin le feiceáil sna gníomhaíochtaí a bhí ar bun ag rannóg NSAI maidir le hInbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha: is beag nár dhúbail líon na n-íniúchtaí i leith comharthaí CE do tháirgí foirgníochta agus tháinig méadú faoi cheathair ar líon na ngnólachtaí a bhí deimhnithe i leith I.S. ISO 50001.

Tráth a bhfuil méadú ag teacht ar ghníomhaíochtaí foirgníochta agus gníomhaíochtaí bainteacha, amhail insliú, táthar ag brath go mór ar sheirbhísí deimhniúcháin na rannóige sin i dtaobh a léiriú go bhfuil táirgí agus córais foirgníochta ag cloí le ceanglais na Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta agus go bhfuil siad oiriúnach dá bhfeidhm bheartaithe, ach iad a shuiteáil de réir na gceanglas atá sonraithe.

Is ríthábhachtach an rud é go dtuigfeadh úsáideoirí deiridh go bhfuil an deimhniúchán táirgí agus próisis a sholáthraíonn NSAI ina chomhchuid mhór amháin den phróiseas dearbhaithe iomlán, ach go mbíonn comhlíonadh agus rialú foirgníochta ag brath ar an maoirseacht a dhéanann na gairmeacha foirgníochta agus na húdaráis áitiúla.



# 646

Iniúchadh i gcomhair Comhartha CE ar tháirgí foirgníochta



# 111

suiteálaí inslithe do bhallaí seachtracha cláraithe le NSAI



# 115

suiteálaí inslithe do chuasbhallaí lánlíonta cláraithe le NSAI



# 210

iniúchadh ar shuiteálaithe inslithe



# 83

gnólacht atá deimhnithe i leith EN 1090 (cruach thógála)



# 50

gnólacht atá deimhnithe i leith ISO 50001 (caighdeán um bainistíocht fuinnimh)

# Deimhniúchán in 2017

## Feistí Leighis

D'éirigh le hÉirinn í féin a chur i lár an aonaigh mar ionad sármhaitheasa agus mar mhol do chuideachtaí teicneolaíochta leighis, a bhfuil níos mó ná 300 díobh ag feidhmiú anseo faoi láthair, agus thart ar 32,000 duine fostaithe acu.

San earnáil ardrialaithe sin, tá dea-cháil ar Éirinn ag ucht a bheith ag comhoibriú ar mhaithe le fás, agus as an teist atá aici i leith cloí le caighdeáin.

Tráth a bhfuil laghdú leanúnach ag teacht ar líon na gcomhlachtaí Eorpacha dá dtugtar fógra i leith feistí leighis, díriodh go háirithe in 2017 ar an stádas atá ag NSAI mar chomhlacht dá dtugtar fógra a choinneáil agus a fhorbairt.

Cuireadh ullmhúcháin i bhfeidhm le haghaidh athruithe ar an gcreat rialála san earnáil sin le teacht isteach dhá rialachán nua ón Aontas Eorpach maidir le Feistí Leighis (MDR) agus diagnóisic in-vitro (IVDR) agus leis an gClár Iniúchta Aonair ar Fheistí Leighis (MDSAP), clár faoinar féidir aon iniúchadh rialála amháin a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta cáilíochta atá ag monaróir feiste leighis lena gcomhlíontar na ceanglais atá leagtha síos ag roinnt dlínsí rialála éagsúla. Beidh dúshlán nach beag le sárú ag cuideachtaí san earnáil sin agus deiseanna nach beag le tapú acu de bharr éifeacht charnach an athraithe ar an timpeallacht rialála.

Agus é ag díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar a chuid próiseas agus inniúlachtaí chun féachaint chuige go gcuirfí seirbhísí leanúnacha ar fáil don earnáil, ag deireadh na bliana ainmníodh NSAI ina Eagraíocht Údaraithe i leith MDSAP trí mheán NSAI Inc, agus cuireadh Measúnuithe Comhphárteacha i leith na dTreoracha ón Aontas Eorpach ar an sceideal le haghaidh tús 2018.

Is ríthábhachtach an rud é do chuideachtaí dúchasacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn go mbeadh NSAI in ann na scéimeanna deimhniúcháin sin a sholáthar, toisc nach mór dóibh cinnteacht soláthair a bheith acu chun freastal ar na riachtanais atá acu ar rochtain ar mhargaí na hEorpa agus ar mhargaí an domhain, rud a chruthaíonn deiseanna fostaíochta breise agus lena bhféachtar chuige go bhfuil an timpeallacht sábháilteachta is fearr is féidir i bhfeidhm do thomhaltóirí.

Táthar ag súil go mbeidh tábhacht níos mó ag baint leis an ngníomhaíocht sin ar feadh 2018, agus Éire á réiteach féin don saol tar éis an Bhreiteimeachta.



**21**

Líon na gcustaiméirí nua a bhíonn ag plé le feistí leighis



**15**

Líon na ndeimhnithe CE a eisíodh in 2017



**261**

Líon na n-iarratas i dtaobh feistí leighis



**247**

Líon iomlán na ndeimhnithe CE a eisíodh i leith táirgí

## Ceaduithe Gluaisteáin

Tá NSAI freagrach as scéimeanna éagsúla lena bhfeabhsaítear gnéithe sábháilteachta agus gnéithe comhshaoil de na feithiclí atá ar an mbóthar in Éirinn agus san Eoraip.

Eisíonn an Rannóg Mótarfheithiclí dár gcuid ceaduithe gluaisteáin náisiúnta agus ceaduithe gluaisteáin Eorpacha i leith feithiclí, a gcomhphárteanna agus a gcóras, agus díreann ar réimsí ar nós astaíochtaí, cumhacht innill, bonn agus criosanna sábhála.

Is é NSAI Údarás Cineálcheadúcháin na hÉireann agus dá bhrí sin tá seirbhísí teicniúla éagsúla agus Ionaid Tástála Ceadaithe ceaptha aige chun na tástálacha agus na cigireachtaí cuí a chur i gcrích.

Faoin scéim sin, glactar le ceadú ó chomhlacht ceadúcháin náisiúnta cosúil le NSAI ar fud an Aontais Eorpaigh gan aon ghá le tuilleadh tástálacha. Eisíodh 8,309 ceadú san iomlán in 2017.



# 3,425

Ceadú Feithicle Aonair do thiománaithe faoi mhíchumas

## 6

Tréimhse eisiúna (laethanta)



# 1,935

Ceadú Feithicle Aonair i gcatagóirí eile

## 10

Tréimhse eisiúna (laethanta)



# 2,949

Ceadú AE/NA i leith feithiclí, córas agus comhphárteanna

## 19

Tréimhse eisiúna (laethanta)



# 121

Líon na gCineálcheaduithe i leith Sraitheanna Beaga Náisiúnta

## Méadreolaíocht Dlí

Bíonn na tomhais ina ngnáthchuid dár saol ó lá go lá, a mhéid sin gur minic nach smaoinimid orthu nó fiú nach dtugaimid faoi deara iad. Is ann d'fheidhm Méadreolaíochta Dlí NSAI chun féachaint chuige gur féidir le tomhaltóirí agus gnólachtaí muintín a bheith acu go bhfuil an tomhas ceart á fháil acu de na hearraí nó na seirbhísí a úsáideann siad agus a n-íocann siad astu.

Tugann ár gcigirí cuairt ar na mílte áitreabh in aghaidh na bliana, déanann siad cigireacht ar uirlisí tomhais a úsáidtear i mbun trádála agus tá sé de chumhacht acu imscrúdú a dhéanamh orthu siúd nach gcomhlíonann an reachtaíocht chuí agus an dlí a chur orthu.

Clúdaíonn an tseirbhís phoiblí sin gach eanáil atá ag brath ar thomhais a úsáidtear sa trádáil. D'fhonn dearbhú a sholáthar maidir le comhlíonadh tomhais, glacann an tseirbhís cur chuige cigireachta ar bhonn riosca lena gclúdaítear 40,000 trádálaí agus 75,000 uirlis tomhais ar fud na tíre.

I gcás fhormhór na hoibre i dtaobh fíorú uirlisí chun déileáil le suiteálacha nua, caitheamh agus cuimilt, deisiúchán agus riachtanais chothabhála thar shaolré na n-uirlisí tomhais. Tá líonra fíoraitheoirí údaraithe ina bun, dream a thacaíonn leis an ngá atá ag an lucht gnó le seirbhís ghairmiúil fíoraithe agus a chuidíonn le féachaint chuige go mbíonn na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil cruinn ceart.

Tá tionchar an chórais cigireachta agus fíoraithe le sonrú sna rátaí comhlíontachta a baineadh amach tar éis na chéad chigireachta: ba é 87% an meánráta comhlíontachta agus eisíodh 852 rabhadh.



# 3,550

Líon na gCuariteanna ar Áitribh



# 14,762

Líon na gCigireachtaí ar Uirlisí



# 33,158

Líon na n-uirlisí ar fhíoraigh cuideachtaí príobháideacha iad

# An Mhéadreolaíocht in 2017

## Dáileoírí breosla leachtaigh



**7,692**

An líon a ndearnadh cigireacht orthu

**270**

An ráta comhlíontachta

**98%**

Teipeanna sa Chéad Chigireacht

## Tacsaiméadair



**698**

An líon a ndearnadh cigireacht orthu

**30**

An ráta comhlíontachta

**96%**

Teipeanna sa Chéad Chigireacht

## Meá mhiondíola



**4,580**

An líon a ndearnadh cigireacht orthu

**322**

An ráta comhlíontachta

**94%**

Teipeanna sa Chéad Chigireacht

## Droichead meáite – ainmhithe (e.g. i marglanna)



**104**

An líon a ndearnadh cigireacht orthu

**32**

An ráta comhlíontachta

**69%**

Teipeanna sa Chéad Chigireacht

## Droichead meáite – feithiclí



**355**

An líon a ndearnadh cigireacht orthu

**57**

An ráta comhlíontachta

**84%**

Teipeanna sa Chéad Chigireacht

## Méadar bainne



**106**

An líon a ndearnadh cigireacht orthu

**4**

An ráta comhlíontachta

**96%**

Teipeanna sa Chéad Chigireacht

## Meá dhramháiola



**35**

An líon a ndearnadh cigireacht orthu

**12**

An ráta comhlíontachta

**66%**

Teipeanna sa Chéad Chigireacht

## Méadair ola ar leoraithe (e.g. seachadadh ola téimh baile)



**165**

An líon a ndearnadh cigireacht orthu

**29**

An ráta comhlíontachta

**82%**

Teipeanna sa Chéad Chigireacht

## An tSaotharlann Náisiúnta Mhéadreolaíochta

Aithnítear an tSaotharlann Náisiúnta Mhéadreolaíochta mar an lárionad inniúlachta teicniúla sa méadreolaíocht i roinnt réimsí éagsúla agus soláthraíonn sí inrianaitheacht le príomhchaighdeáin tomhais i leith cainníochtaí fisiceacha cosúil le mais, fad, teocht, brú, voltas, friotaíocht, leibhéal fuaimne agus eatramh ama, agus as a scaipeadh ar úsáideoirí in Éirinn trí sheirbhísí oiliúna agus calabrúcháin.

Ina theannta sin, glacann an tSaotharlann páirt i dtaighde agus forbairt mheitreolaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta tríd an gclár taighde méadreolaíochta Eorpach EMPIR chun a cuid eolais meitéareolaíochta agus a teagmhálaithe idirnáisiúnta a neartú. Bhí cúrsaí thar a bheith gníomhach in 2017, tráth ar ghlac NSAI páirt i gcúig thionscadal.

Leanadh ar aghaidh ag múscailt feasachta agus rannpháirtíochta i leith na Méadreolaíochta agus mar chuid de chlár for-rochtana na Saotharlainne, cuireadh ceardlann faoi shonraí tomhais a mheas i láthair mic léinn fisice an 3ú agus an 4ú bliain in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Chomh maith leis sin, d'óstáil an tSaotharlann deichniúr scoláirí Idirbhliana ó mheánscoileanna ar feadh dhá sheachtain i rith 2017.



**4,500**

Uirlis calabraithe



**20**

Túrta oiliúna curtha ar fáil do  
100 rannpháirtí ó 46  
cuideachta



**578**

Lá taighde



**21**

Scéim tástála inniúlachta  
á mbainistiú

# An Mhéadreolaíocht in 2017

## Tionscadail Taighde Saotharlainne

Is príomhpháirtí í an tSaotharlann Náisiúnta Mhéadreolaíochta sa Chlár Méadreolaíochta Eorpach um Nuálaíocht agus Taighde (EMPIR), a dhéanann comhordú ar thionscadail taighde chun dul i ngleic le dúshlán mhóra i réimsí na Sláinte, an Fhuinnimh, an Chomhshaoil agus na Tionsclaíochta, agus í ag tacú le córas SI na n-aonad tomhais agus á fhorbairt.

In 2017, bhí baint ag an tSaotharlann leis na tionscadail EMPIR seo a leanas.

| Ainm an tionscadail                                    | Sonraí  |
|--|---|
| Eura-Thermal   | Tionscadal teirmiméadrachta le 11 chomhpháirtí ó ar fud na hEorpa   |
| Tionscadal Humea                                       | Is é an cuspóir atá ann forbairt nó leathnú a dhéanamh ar an gcumas tomhais agus taighde i réimse na dtomhas taise.   |
| Trace PQM  | Bealaí Inrianaitheachta i leith Tomhais Cáilíochta Cumhachta. Tionscadal le 13 chomhpháirtí Eorpacha.   |
| Metrology for Additively Manufactured Medical implants | Tionscadal comhoibríoch le 19 gcomhpháirtí Eorpacha.  |
| Gairm EMPIR 2018                                       | Ba bhall de cuibhreannais í an tSaotharlann i gcás ceithre thogra taighde. D'éirigh le ceann de na tionscadail ("A versatile electrical impedance calibration laboratory based on digital impedance bridges; VersiCal") agus tá sé molta go ndéanfar cistiú air. Is í an tSaotharlann comhordaitheoir an tionscadail sin. |

### Babhtáí comhoibrithe le DCU

|  |  |
|--|--|
| Taighdeoir Máistreacht DCU                         | Cuireadh i gcrích dearadh, tógáil agus foinsíú na gcomhpháirteanna go léir atá ag teastáil chun príomhghineadóir drúchtphointe taise a thógáil i gcomhair na Saotharlainne.<br><br>Cuirfear an gineadóir le chéile sa chéad ráithe de 2018 agus, nuair a bheidh sé ag feidhmiú, cuirfidh sé go mór leis an gcumas a bheidh ag an tSaotharlann i dtaobh taise |
| Tionscadal taighde comhpháirteach le DCU           | Córas uathoibrithe do mhais mhór   |
| Tionscadal taighde leictreach i gcomhpháirt le DCU | A bhaineann le Seoltacht Leictrealaíoch  |

### Trealamh nua do 2017

- Caighdeán nua maidir le voltas SA
- Taismhéadar drúchtphointe
- Folcadh i gcomhair calabraithe ag teocht íseal
- Comparadóir nua i leith tomhsairí bloic
- Uasghrádú Bogearraí ar mheaisín tomhais aon aise amháin ULM
- 2 x chaighdeán maise caighdeánaí 500kg
- Córas optach Solaris
- Printéir 3-T

### NSAI Inc.

Is fochuideachta é NSAI Inc. de chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann a bhfuil oifigí aige in Nashua, New Hampshire.

Soláthraíonn NSAI Inc. córais bhainistíochta phríomhshrutha agus deimhniúchán ar fheistí leighis, agus is gné lárnach é den iomrá idirnáisiúnta atá ar NSAI ina iomláine, dá ioncam dílis, agus dá réimse inniúlachtaí.

Bhí cáilíocht agus taithí idirnáisiúnta NSAI Inc. ina ngnéithe bunúsacha i ndáil le hainmniú NSAI mar eagraíocht údaraithe i leith MDSAP agus i dtaobh tacú leis an iarratas a rinne NSAI ar bheith ina chomhlacht dá dtugtar fógra faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis (MDR).



# 69

Deimhniú nua i leith Córais  
Bainistíochta Cáilíochta eisithe







# Cúrsaí Rialachais agus Airgeadais

## Comhaltaí Boird 2017



*Julie O'Neill*  
Cathaoirleach



*Kieran Ryan*



*Roger Blackburn*



*Valerie Bowens*



*Nina Brennan*



*Kieran Cox*



*Kevin Earley*



*Aideen Goggin*



*Terry Landers*



*Aidan O'Boyle*



*Deirdre O'Hara*



*Deirdre Smith*



*Geraldine Larkin*  
Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán, 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Tá feidhmeanna reachtúla NSAI sainithe sna hAchtanna seo a leanas:

- ▶ An tAcht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996;
- ▶ An tAcht Méadreolaíochta, 1996;
- ▶ An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na cláir lárnacha mhéadreolaíochta, chaighdeánaithe agus méadreolaíochta dlí maidir le tomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus sa mheasúnú comhréireachta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.

Feidhmíonn NSAI faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag a bhfuil an chumhacht chun cistí a chur ar fáil do NSAI lena chur ar a chumas a chuid dualgas a chomhlíonadh; treoracha beartais ghinearálta a eisiúint; agus faisnéis a lorg faoi ghníomhaíochtaí NSAI.

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin, ceanglaítear ar NSAI freisin cloí le raon ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus ceanglas riaracháin. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun féachaint chuige go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha sin.

## Ráiteas Rialachais

Bunaíodh Bord an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann faoi fhorálacha an Achte fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Leagtar amach feidhmeanna NSAI i gCuid 2, alt 7 den Acht sin.

Tá an Bord freagrach don Aire Stáit ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, cúram a chuireann sé i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir.

Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as NSAI a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar nasc díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta NSAI.

## Freagrachtaí an Bhoird

Feidhmíonn an Bord agus a Choistí de réir threoirlínte an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (an Cód), atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i Lámhleabhar Rialachais NSAI, ina sonraítear freisin na nithe a bhfuil sé leagtha síos ina leith nach mór don Bhord iad a chinneadh. I measc na míreanna seasta a mheasann an Bord tá:

- ▶ dearbhú leasanna,
- ▶ tuarascálacha ó choistí,
- ▶ tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- ▶ tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ▶ nithe nach mór don Bhord iad a chinneadh.

Ceanglaítear in alt 8(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996 go gcoimeádfaidh NSAI, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Airgeadais, gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé agus, go háirithe, go gcoimeádfaidh sé san fhoirm sin a dúradh na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go ham. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar NSAI na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ▶ aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh NSAI de bheith ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an ghrúpa lena n-áirítear a fhochuideachta NSAI Inc. ar lánúinéireacht, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 8 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin NSAI.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar measúnú ar fheidhmíocht NSAI gach ráithe, trí thagairt do thuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach i leith na bPríomhtháscairí feidhmíochta, agus do thuarascálacha bainistíochta airgeadais.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais NSAI léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NSAI amhail an 31 Nollaig 2017.

## Struchtúr an Bhoird

De réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996, is é an tAire a cheapann na Comhaltaí ó na leasanna sin atá páirteach sa phróiseas um thráchtarraí, próisis agus cleachtas a chaighdeánú agus a dheimhniú, gan aon leas ar leith a bheith i réim.

Trí chomhalta dhéag atá ar an mBord: Cathaoirleach agus 11 Chomhaltaí, arna gceapadh ag an Aire Stáit sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an Aontais Eorpaigh agus Cosaint Sonraí. Is comhalta de bhrí oifige í an Príomhfheidhmeannach ar feadh téarma a conartha.

Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar bhonn bliantúil, tráth lá cinn bliana bhunú NSAI, nuair a chuireann an triúr Comhaltaí is faide seirbhíse iad féin i láthair chun dul ar scor ón mBord. De réir Acht NSAI 1996, d'athcheap an tAire na Comhaltaí a chuir iad féin i láthair le haghaidh scoir in 2017.

Tagann an Bord le chéile gach dara mí agus thionóil sé 8 gcruinniú in 2017. Tá sceideal an tinrimh ag cruinnithe an Bhoird in 2017 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a íocadh le gach comhalta i rith na bliana.

| Comhaltaí Boird             | Ról  | Ceaptha den chéad uair  | Athcheaptha                              | Ar Scor          | Líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu as 8 gcinn | Táillí 2017   | Speansais 2017 |
|-----------------------------|--|-------------------------|--|------------------|---|---------------|----------------|
| J. O'Neill Uasal            | Cathaoirleach                                  | 16 Iúil 2013            | 29 Márta 2017                            | 5 Bealtaine 2017 | 4   | 4,129         | 0              |
| An tUasal K. Ryan           | Leas-Chathaoirleach                            | 15 Aibreán 2009         | 27 Meitheamh 2013 agus 20 Meitheamh 2016 |                  | 8   | 7,668         | 0              |
| An tUasal R. Blackburn      | Comhalta                                       | 20 Meitheamh 2016       |  |                  | 8   | 7,668         | 0              |
| V. Bowens Uasal (Nóta 1)    | Comhalta                                       | 12 Bealtaine 2014       | 17 Aibreán 2018                          |                  | 8   | 4,041         | 237            |
| N. Brennan Uasal (Nóta 2)   | Comhalta                                       | 20 Meitheamh 2016       |  |                  | 8   | 0             | 0              |
| An tUasal K. Cox (Nóta 2)   | Ionadaí Foirne                                 | 14 Aibreán 2012         | 14 Aibreán 2015                          |                  | 8   | 0             | 0              |
| An tUasal K. Early (Nóta 2) | Ionadaí Foirne                                 | 1 Deireadh Fómhair 2015 |  |                  | 6   | 0             | 0              |
| A. Goggin Uasal (Nóta 2)    | Comhalta                                       | 31 Eanáir 2013          | 20 Meitheamh 2016                        |                  | 8   | 0             | 86             |
| An tUasal T. Landers        | Comhalta                                       | 6 Márta 2012            | 28 Márta 2014 agus 29 Márta 2017         |                  | 4   | 7,668         | 0              |
| An Dr. A. O'Boyle           |  | 12 Bealtaine 2014       | 29 Márta 2017                            |                  | 8   | 7,668         | 0              |
| D. O'Hara Uasal             |  | 31 Eanáir 2013          | 20 Meitheamh 2016                        |                  | 7   | 7,668         | 0              |
| D. Smith Uasal              |  | 12 Bealtaine 2014       | 17 Aibreán 2018                          |                  | 8   | 7,668         | 313            |
| G. Larkin Uasal (Nóta 2)    | Príomhfheidhmeannach – Comhalta de bhrí oifige | 20 Feabhra 2017         |  |                  | 6   | 0             | 0              |
| <b>Iomlán</b>               |  |                         |  |                  |   | <b>54,178</b> | <b>636</b>     |

#### Nótaí

- Ceapadh ina Phríomhfheidhmeannach Eatramhach é ón 28 Samhain 2016 go dtí an 17 Feabhra 2017; ní raibh táille Bhoird iníoctha le linn na tréimhse sin de réir an phrionsabail 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.
- Ní raibh luach saothair iníoctha de réir an phrionsabail 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

#### Táillí agus Speansais Bhoird

Íoctar táillí leis na Comhaltaí Boird de réir an Bharántais Ceapacháin.

Déantar na speansais a phróiseáil ag na rátaí agus faoi réir na rialachán is iomchuí i gcás Státseirbhísigh den ghrád is airde.

#### Éifeachtacht an Bhoird agus Meastóireacht air

Chuir an Bord tús le hathbhreithniú seachtrach ar a Éifeachtacht agus Meastóireacht air i mí na Samhna 2017. Cuireadh i gcrích é i mí Aibreán 2018 agus rinne an Bord athbhreithniú air.

## Coistí an Bhoird

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

### Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Beidh ar a laghad ceathrar comhaltaí Boird ar an CIR agus tá sé neamhspleách ar lucht bainistíochta na heagraíochta. Tá an CIR ina chomhpháirt lárnach den rialachas agus de chuid na gcóras rialaithe inmheánaigh arna gcur chun feidhme ag an mBord. Is é an ról atá ag an CIR tacú leis an mBord maidir leis an bhfreagracht atá air as saincheisteanna riosca, as an timpeallacht rialaithe, as tuairiscíú airgeadais agus as dearbhuithe gaolmhara. Féachann an Coiste chuige go ndéantar monatóireacht ghníomhach, neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i dtuarascáil bhliantúil don Bhord. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha atá ceadaithe ag an mBord agus thionóil sé cúig chruinniú in 2017. Freastalaíonn daoine den lucht bainistíochta ar chruinnithe dá chuid ar iarraidh ó Chathaoirleach an Choiste agus buaileann an CIR leis na hiniúcháirí gach bliain gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair.

| Comhalta                           | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|------------------------------------|---|-----------------------------------|
| An Dr A O'Boyle<br>– Cathaoirleach | 5   | 5                                 |
| An tUasal K Ryan                   | 3   | 3                                 |
| An tUasal R. Blackburn             | 5   | 5                                 |
| N. Brennan Uasal                   | 5   | 5                                 |
| D. Smith Uasal                     | 5   | 5                                 |

### An Coiste Ainmniúcháin

Ceathrar comhaltaí Boird atá ar an gCoiste Ainmniúcháin (CA), arb é an príomhról atá aige moltaí a dhéanamh leis an mBord, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, maidir le ceapacháin agus planáil comharbas agus aird aige ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh NSAI, agus na scileanna agus an saineolas a theastóidh ón mBord amach anseo. Gan an Príomhfheidhmeannach a bheith i láthair, tacaíonn an coiste le riachtanais an Bhoird maidir le Ceapachán, Luach Saothair agus Feidhmíocht an té sin. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha atá ceadaithe ag an mBord agus thionóil sé trí chruinniú in 2017.

| Comhalta                                  | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|-----------------------------------|
| J O'Neill Uasal<br>– Cathaoirleach        | 1   | 1                                 |
| D. Smith Uasal<br>– Cathaoirleach         | 3   | 3                                 |
| An tUasal K. Ryan                         | 1   | 1                                 |
| An tUasal T. Landers                      | 3   | 3                                 |
| G. Larkin Uasal –<br>Príomhfheidhmeannach | 3   | 3                                 |

### An Coiste Rialachais

Ceathrar comhaltaí Boird atá ar an gCoiste Rialachais (CR) agus is é príomhról an Choiste struchtúir foriomlána rialachais chorparáidigh NSAI a shainiú agus a chur in iúl lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód Cleachtas maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus forbraíonn sé treoirlínte rialachais chorparáidigh is infheidhme maidir le NSAI agus cuireann faoi bhráid an Bhoird iad lena bhfaomhadh agus athmheasúnú bliantúil a dhéanamh ar na treoirlínte sin agus aon athruithe beartaithe a mholadh don Bhord lena gceadú. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha atá ceadaithe ag an mBord agus thionóil sé ceithre chruinniú in 2017.

| Comhalta                           | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|------------------------------------|---|-----------------------------------|
| D. O'Hara Uasal<br>– Cathaoirleach | 4   | 4                                 |
| V. Bowens Uasal                    | 4   | 4                                 |
| An tUasal K. Cox                   | 4   | 3                                 |
| A. Goggin Uasal                    | 4   | 3                                 |

## NSAI Inc.

Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, SAM, ar an 1 Iúil 1997 mar chorporáid neamhbhrabúis faoi lánúinéireacht ag NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin na hÉireann agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh, idir chinn atá ann faoi láthair agus chinn atá beartaithe, chun léirmheasanna teicniúla a sholáthar agus chun measúnacht a dhéanamh ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus chun dul i mbun deimhniúcháin i leith chomhlíonadh chaighdeáin an Aontais Eorpaigh, chaighdeáin na hÉireann agus caighdeán idirnáisiúnta.

Comhlíonann an t-eintiteas Meiriceánach ceanglais rialacháin stáit agus ceanglais rialacháin chónaidhme na Stát Aontaithe.

Tá an fhochuideachta faoi réir rialuithe sonracha bainistíochta agus nós imeachta atá ceadaithe ag Bord NSAI Inc. agus cuimsítear iadsan sna ráitis ghinearálta maidir le comhlíonadh agus éifeachtacht na rialuithe. Tá triúr chomhaltaí de Bhord NSAI Inc ina gcomhaltaí de Bhord NSAI.

Tá moltaí an Choiste Rialachais á gcur chun feidhme faoi láthair chun comhlíonadh a dhéanamh ar fhorálacha Chód na bliana 2016.

| Comhalta                                | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|-----------------------------------|
| An tUasal T. Landers<br>– Cathaoirleach | 3   | 3                                 |
| An tUasal J. Bier                       | 1   | 1                                 |
| V. Bowens Uasal                         | 3   | 3                                 |
| G. Larkin Uasal                         | 2   | 2                                 |
| An tUasal K. Mullaney                   | 0   | 0                                 |

## Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon NSAI ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”) a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Údaráis leis an gCód agus lena Chreat Dearbhaíochta, tá na Comhaltaí deimhin go ndearnadh lánchomhlíonadh ar cheanglais nochta an Chóid sna nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear:

- ▶ Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil – Nóta 3(b)
- ▶ Sainchomhairleacht – Nóta 3(d)
- ▶ Fáilteachas – Nóta 3(f)
- ▶ Miondealú ar shochair na bhfostaithe – Nóta 3(g)

## Athruithe ar na Príomh-Phearsanra

Ceapadh G. Larkin Uasal ina Príomhfheidhmeannach ar an 20 Feabhra 2017.

D’éirigh Cathaoirleach an Bhoird, J. O’Neill Uasal, as a post le héifeacht ón 5 Bealtaine 2017. Le linn 2017, bhí an tUasal K. Ryan ina ionadaí don Chathaoirleach agus muid ar feitheamh ar thoradh an phróisis cheapacháin.

D’éirigh Uachtarán NSAI Inc., an tUasal K. Mullaney, as a post le héifeacht ón 15 Márta 2017.

Tá G. Larkin Uasal ag gabháil don phost sin go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar an ról.

## Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha

Tá Ráiteas cuimsitheach ar Rialú Inmheánach san áireamh leis na Ráitis Airgeadais.

## Costais agus Socraíochtaí Dí

Ní raibh aon chostais dlí ná socraíochtaí dlí i gceist. Déantar táillí dlí a nochthadh faoi chostais sainchomhairleachta de réir an Chóid.

## An Mhórthimpeallacht Rialachais

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin agus leis an gCód, ceanglaítear ar NSAI freisin cloí le ceanglais reachtúla (náisiúnta agus AE) agus ceanglais riaracháin eile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun féachaint chuige go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha seo a leanas:

### *Rialachán Uimh. 1025/2012 ón Aontas Eorpach maidir le Caighdeánú Eorpach*

Tá NSAI ainmnithe ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar an comhlacht náisiúnta caighdeán i gcomhair CEN, CENELEC agus ETSI faoi Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Caighdeánú agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le gníomhaíochtaí caighdeánaithe.

### *An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus rialacháin atá bunaithe orthu*

De réir fhorálacha na nAchtanna, ní mór do gach Comhalta agus do gach ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis iomlána leasa a chomhlánú i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna.

### *Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2011 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2012*

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá scéimeanna éagsúla á soláthar ag NSAI, cosúil le forbairt foirne, sosanna gairme agus socruithe oibre solúbtha, a chuidíonn le cothromaíocht idir obair agus saol a bhaint amach don fhoireann ar fad.

Tá beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh in iúl é don fhoireann ar fad.

### *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*

Leanann NSAI ar aghaidh ag glacadh bearta iomchuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí go léir a chosaint agus forálacha an achta seo a chomhlíonadh.

### *Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1998*

Ní comhlacht ainmnithe é NSAI chun críche an Achta. Comhlíonann NSAI na nósanna imeachta atá leagtha síos sna hachtanna sin, áfach, chun foráil a dhéanamh d'ionadaithe foirne a bheith ar an mBord.

### *An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014*

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta do NSAI in 2017. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an mbeartas atá i bhfeidhm faoi láthair lena chinntiú go bhfuil an tAcht á chomhlíonadh leis.

### *An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014*

Comhlíonann NSAI forálacha an Achta seo. Bunaítear leis an Acht na cearta reachtúla seo a leanas:

- ▶ Rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- ▶ Go ndéanfar faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí maidir le duine aonair a leasú sa chás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- ▶ Rochtain a fháil ar thaifid i leith cinntí a théann i bhfeidhm ort arna ndéanamh ag an gcomhlacht poiblí sin.

Ba cheart iarratais ar fhaisnéis a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, NSAI, 1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

### *Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003*

Tá NSAI cláraithe mar rialaitheoir sonraí agus comhlíonann sé forálacha na hAchtanna sin.

### *Cód Caiteachais Phoiblí*

Tá nósanna imeachta bunaithe ag NSAI atá ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach sa chód seo.

### *An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997*

Rinneadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Tá an lucht bainistíochta sásta gur comhlíon NSAI forálacha an Achta sna poncanna ábhartha uile.

### *Íoc Pras Soláthraithe*

Tá NSAI tiomanta d'fhéachaint chuige go ndéantar gach sonrasc bailí ó sholáthraithe a íoc go pras faoin Rialú um Íoc Pras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011.

Tugann NSAI tuairisc ráithiúil faoin rialú sin ar an láithreán gréasáin.

### *Éifeachtúlacht Fuinnimh*

Tá NSAI tiomanta dá dhícheall a dhéanamh a bheith tiosach ar fhuinneamh. Le linn 2017, d'úsáid NSAI an fuinneamh seo a leanas ar fud naoi gcinn de shaoráidí:

|                   | 2016<br>(Athshonraithe) | 2017      |
|-------------------|-------------------------|-----------|
| kWh leictreachais | 1,209,938               | 1,209,148 |
| kWh gáis nádúrtha | 1,318,881               | 1,314,676 |

Glacann NSAI páirt i gcomhaontuithe creata le haghaidh an tsoláthair leictreachais agus gáis, arna soláthar ar bhonn lárnach ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair.

### *An Chairt Custaiméirí*

Leagtar amach i gCairt Custaiméirí NSAI an rún daingean atá againn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá an Chairt ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla sa rannán 'About NSAI – Organisation – Customer Service' ar an láithreán gréasáin.

Áirítear sa Chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman, 1980, agus an Achta um Ombudsman do Leanaí, 2002.

### *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*

De réir Alt 10 den Acht, foilsítear leagan Béarla agus leagan Gaeilge den Tuarascáil Bhliantúil.

### *An Rialachán um Athúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí (I.R. 279 de 2005)*

Comhlíonann NSAI ceanglais an rialacháin maidir le ceadúnú faisnéise lena hathúsáid.

## **Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ghlac an Bord an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcloífear leis an gCód. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar rialuithe inmheánacha agus ar chreat dearbhaithe NSAI. Bunaithe ar an athbhreithniú sin, tá dearbhú réasúnta á thabhairt ag an mBord cur chloígh NSAI leis an gCód Cleachtas Chun Comhlachtaí Stáit a rialú i leith na bliana 2017.



**James Kennedy**  
Cathaoirleach

**15 Meitheamh 2018**



# Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

|   |           |
|---|-----------|
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach   | <b>40</b> |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste                                  | <b>42</b> |
| Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta                                       | <b>44</b> |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | <b>45</b> |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach                                      | <b>46</b> |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais                                      | <b>47</b> |
| Ráiteas na Cuideachta ar Staid an Airgeadais                                    | <b>48</b> |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid  | <b>49</b> |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais                                      | <b>50</b> |

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI), admháimid freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh san eagraíocht. Glactar san áireamh leis an bhfreagracht sin na ceanglais atá leagtha síos sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Áirítear leis an gcóras rialaithe inmheánaigh rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le tosaíochtaí straitéiseacha NSAI a bhaint amach agus le cistí poiblí agus cistí agus sócmhainní eile a bhfuil NSAI freagrach astu a chosaint an tráth céanna.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú go hiomchuí agus a thairfead go cuí agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil, agus go ndéantar beart ceartaitheach nuair is gá. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm in NSAI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## Timpeallacht Rialaithe, Riosca agus Nósanna Imeachta

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag NSAI ar a bhfuil comhaltaí Boird a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu. Tháinig an CIR le chéile 5 huairé in 2017. Tá an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus a clár oibre faoi threoir ag anailís ar shaincheisteanna riosca agus rialaithe laistigh de NSAI. Ceadaíonn an CIR an plean iniúcháireachta inmheánaí agus cuireann sé faoi bhráid an Bhoird é. Ina theannta sin, tá NSAI faoi réir creidiúnú, bainistíocht cáilíochta agus athbhreithnithe eile a dhéanann tríú páirtithe agus a ndéanann an lucht bainistíochta iad a mheas.

Tá Coistí Rialachais agus Ainmniúcháin ag NSAI ar a bhfuil comhaltaí boird a bhfuil a dtéarmaí tagartha ceadaithe ag an mBord. Cuireann na coistí sin tuarascálacha rialta ar fáil don Bhord.

Tá creat agus próiseas foriomlán bainistíochta riosca ag NSAI lena n-áirítear beartas bainistíochta riosca agus ráiteas inghlacthachta riosca. Tá an beartas bainistíochta riosca ar fáil don fhoireann ar fad. Is ann do ról Príomhoifigeach Riosca. Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú ar an gclár riosca corparáideach agus ansin déanann an CIR athbhreithniú air agus cuirtear faoi bhráid an Bhoird é. Is mír rialta ar chlár cruinnithe an Bhoird í an bhainistíocht riosca.

Tá bearta déanta ag an mBord chun féachaint chuige go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm ag a bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- ▶ Cód Iompair Gnó lena gceanglaítear ar chomhaltaí Boird, lucht bainistíochta agus baill foirne cloí leis na caighdeáin eiticíúla is airde,
- ▶ go bhféachtar chuige go gcomhlíonfar na ceanglais atá leagtha síos sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí,
- ▶ beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht feidhmíochta foirne agus forbairt ghairmiúil leanúnach,
- ▶ go ndéanfaidh an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha agus ar shaincheisteanna riosca,
- ▶ go mbreacfar síos na nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó,
- ▶ clár shainiúla oiliúna agus feasachta ar mhaithe le maolú a dhéanamh ar rioscaí sonracha a bhaineann le bagairtí atá ann faoi láthair nó cinn atá ag teacht chun cinn agus le saincheisteanna móra i dtaobh comhlíontachta,
- ▶ nithe a bhfuil sé leagtha síos nach mór don Bhord cinneadh a dhéanamh ina leith, sannadh freagrachtaí airgeadais agus an chuntasacht a ghabhann leo ar an leibhéal bainistíochta,
- ▶ córas buiséadaithe cuimsitheach le plean agus buiséad bliantúil atá faoi réir cheadú an Bhoird,
- ▶ go bhfuil córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil agus athléimneacht na gcóras teicneolaíochta faisnéise a áirithiú,

- ▶ go bhfuil córais rialaithe airgeadais i bhfeidhm chun maoirseacht acmhainní airgeadais agus slánchoimeád na sócmhainní a áirithiú,
- ▶ nósanna imeachta chun teipeanna suntasacha rialaithe a chinneadh agus a thuairisciú agus féachaint chuige go nglacfar beart ceartaitheach cuí.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun próisis mhonatóireachta a rialú ar bhealach tráthúil. I gcás ina n-aithnítear easnaimh rialaithe, déantar na feabhsuithe riachtanacha a chomhaontú leis na daoine atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus tugtar tuairisc don lucht bainistíochta, don CIR agus don Bhord de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat tuairiscithe bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus ar chóras tarmiligin agus cuntasachta.

Áirítear leis an gcóras sin go háirithe:

- ▶ aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus tuairiscítear aon easnaimh a aithníodh,
- ▶ déanann an Bord monatóireacht leanúnach ar an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil atá ceadaithe, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta, agus
- ▶ déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na dtuarascálacha airgeadais agus neamhairgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad agus cuspóirí.

## Soláthar

Tá oifigeach soláthair/feidhm sholáthair ag NSAI atá ag gabháil don ról sin amháin. Áirítear leis na socrúithe soláthair plean soláthair bhliantúil, nuashonruithe rialta maidir le soláthar do bhainisteoirí, úsáid a bhaint as Creatáí de chuid Oifig an tSoláthair Phoiblí agus mionchomórtais de réir mar a oireann do riachtanais na heagraíochta.

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NSAI lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair agus gur chomhlíon NSAI na nósanna imeachta sin le linn 2017.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NSAI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann NSAI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi threoir ag an obair a dhéanann an t-iniúcháir inmheánach agus an t-iniúcháir seachtrach, ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoirsionn a gcuid oibre agus ag an lucht ardbhainistíochta in NSAI atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2017 ag cruinniú an Bhoird ar an 27 Aibreán. Bhí an t-athbhreithniú sin faoi threoir ag an tuarascáil fhoirmiúil ón CIR ar na córais rialaithe inmheánaigh, a tháinig faoin gclár oibre a pléadh ag cruinniú an CIR ar an 18 Aibreán 2018.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach a bhí ina gcúis le cailteanas ábhartha i leith na bliana 2017 a gceanglaítear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Thar ceann an Bhoird:**



**Roger Blackburn**  
Comhalta Boird

**5 Meitheamh 2018**



**Geraldine Larkin**  
Príomhfeidhmeannach

**5 Meitheamh 2018**

# Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

## Lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Cuimsítear sna ráitis airgeadais:

- ▶ an ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- ▶ an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- ▶ an ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais
- ▶ ráiteas na cuideachta ar staid an airgeadais
- ▶ an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus
- ▶ na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar na príomhbheartais chuntasaíochta.

Is é mo thuairim é go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2017 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### Béim ar ábhar – cistiú iarchurtha pinsean

Gan mo thuairim a cháiliú, dírim aird ar nóta 12 (c) a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann sócmhainn i leith cistiú iarchurtha um shochair scoir – luach reatha an chistithe a mheasann sé a chuirfidh an Stát ar fáil amach anseo chun freastal ar dhliteanais i ndáil le sochair scoir de réir mar a bheidh siad dlite. Gné dhílis den chur chuige cuntasaíochta sin is ea an bonn tuisceana go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann i bhfeidhm ar an gcéad ásc chun costais reatha a chlúdach agus go bhfreastalóidh cistiú Stáit ar aon easnamh reatha nó ar aon easnamh amach anseo sna hacmhainní, lena n-áirítear dliteanais i ndáil le sochair scoir amach anseo.

### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eithe eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach agus gur cú í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús a chur faoin tuairim uaim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i leith tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar chúrsaí áirithe eile a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.



**Patricia Sheehan**

*Thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar a shon*

**20 Meitheamh 2018**

# Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

## Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gComhaltaí Boird na freagrachtaí atá ar an Comhaltaí Boird. Tá na Comhaltaí Boird freagrach as an méid seo a leanas:

- ▶ ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996
- ▶ a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS102
- ▶ rialtacht na n-idirbheart a áirithiú, agus a mheas an cuí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus
- ▶ cibé rialú inmheánach a chinneadh siad is gá ionas go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar earráid.

## Na Freagrachtaí atá ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Faoi alt 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé ina chuspóir agam leis an iniúchadh sin dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a chothú ar feadh an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- ▶ Déanaim na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- ▶ Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtáil is atá an rialú inmheánach.
- ▶ Déanaim measúnú ar a oiriúnaí is atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochtá ghaolmhair.

- ▶ Tugaim breith ar a oiriúnaí is a bhí sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leanúnach. Má chinneim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil uaim ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uaim a mhodhnú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina gcúis leis go scoirfidh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach.
- ▶ Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téim i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsítear sa tuairim uaim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina taobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dom, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha ina taobh ar shlí eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc ina thaobh más rud é gurb ann do nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc ar chás ábhartha ar bith inarb amhlaidh nach raibh airgead poiblí á úsáid chun na críocha a bhí beartaithe ina leith nó cás ar bith inarb amhlaidh nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis arna rialú.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- ▶ nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- ▶ nach raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- ▶ nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta

## Bord NSAI

Is iad seo a leanas Comhaltaí Boird NSAI, atá ceaptha ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta:

### Comhaltaí Boird

J. O'Neill Uasal – *Cathaoirleach*

*Athcheaptha ar an 29 Márta 2017*

*D'éirigh as oifig ar an 5 Bealtaine 2017*

An tUasal K. Ryan – *Leas-Chathaoirleach*

G. Larkin Uasal – *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

*Ceaptha ar an 20 Feabhra 2017*

An tUasal R. Blackburn

V. Bowens Uasal – *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eastramhach*

*Ceaptha i leith na tréimhse ón 28 Samhain 2016 go dtí an 17 Feabhra 2017*

N. Brennan Uasal

An tUasal K. Cox

An tUasal K. Early

A. Goggin Uasal

An tUasal T. Landers

*Athcheaptha ar an 29 Márta 2017*

An Dr A. O'Boyle

*Athcheaptha ar an 29 Márta 2017*

D. O'Hara Uasal D. Smith Uasal

An tUasal P. Bracken – *Rúnaí an Bhoird*

## Faisnéis ghinearálta

### *An Cheannoifig*

1 Cearnóg Swift,  
An Choill Thuaidh,  
Seantrabh,  
Baile Átha Cliath 9.

### *Iniúcháirí*

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,  
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,  
Baile Átha Cliath 1.

### *Baincéirí*

Bainc-Aontas Éireann, cpt

### *Aturnaetha*

Eversheds Sutherland

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

|  | Nótaí    | 2017<br>€         | 2016<br>€         |
|--|----------|-------------------|-------------------|
| <b>Income</b>                                      | <b>2</b> | <b>22,657,771</b> | <b>22,607,211</b> |
| <b>Caiteachas</b>                                  |          |                   |                   |
| Costais riaracháin agus costais ghinearálta        | 3        | <b>24,014,149</b> | 23,906,383        |
| Costais i ndáil le sochar scoir                    | 12(a)    | <b>3,954,159</b>  | 3,941,286         |
|  |          | <b>27,968,308</b> | 27,847,669        |
| <b>Easnamh roimh an deontas Oireachtais</b>        |          |                   |                   |
| Deontas Oireachtais                                | 4        | <b>5,794,151</b>  | 5,063,154         |
| <b>Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain</b> |          |                   |                   |
| Aistriú ón gcuntas caipitiúil                      | 5        | <b>205,161</b>    | 208,276           |
| Coigeartú aistrithe                                |          | <b>(334,907)</b>  | 90,450            |
| <b>Barrachas don bhliain</b>                       |          |                   |                   |
| larmhéid amhail an 1 Eanáir                        |          | <b>4,909,653</b>  | 4,788,231         |
| <b>larmhéid amhail an 31 Nollaig</b>               |          |                   |                   |
|  |          | <b>5,263,521</b>  | 4,909,653         |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

Thar ceann an Bhoird:



**Roger Blackburn**  
Comhalta Boid

5 Meitheamh 2018



**Geraldine Larkin**  
Príomhfheidhmeannach

5 Meitheamh 2018

## Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

|  | Nótaí | 2017<br>€        | 2016<br>€   |
|--|-------|------------------|-------------|
| <b>Barrachas don bhliain tar éis leithreasáí</b>                                   |       | <b>353,868</b>   | 121,422     |
| Gnóthachan ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir                                  | 12(d) | <b>201,000</b>   | 3,079,000   |
| Athruithe ar na toimhdí is bonn le luach reatha na ndliteanas scéime sochair scoir | 12    | <b>391,000</b>   | (8,067,000) |
| <b>Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain</b>                      |       | <b>592,000</b>   | (4,988,000) |
| Coigeartú ar an gcistiú iarchurtha um shochar scoir                                | 12(b) | <b>(592,000)</b> | 4,988,000   |
| <b>Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain</b>                                      |       | <b>353,868</b>   | 121,422     |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

### Thar ceann an Bhoird:



**Roger Blackburn**  
Comhalta Boird

5 Meitheamh 2018



**Geraldine Larkin**  
Príomhfheidhmeannach

5 Meitheamh 2018



# Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2017

|   | Nótaí | 2017<br>€           | 2016<br>€    |
|---|-------|---------------------|--------------|
| <b>Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad</b>                    |       |                     |              |
| Maoin, gléasra agus trealamh                                    | 6     | <b>3,392,827</b>    | 3,610,074    |
| <b>Sócmhainní reatha</b>  |       |                     |              |
| Méideanna infhála   | 8     | <b>5,277,603</b>    | 4,737,397    |
| Airgead agus coibhéisí airgid                                   |       | <b>1,293,991</b>    | 1,677,081    |
|   |       | <b>6,571,594</b>    | 6,414,478    |
| <b>Dlíteanais reatha (a bheidh dlíte &lt; 1 bhliain amháin)</b> |       |                     |              |
| Méideanna infoctha  | 9     | <b>1,308,073</b>    | 1,504,825    |
|   |       | <b>5,263,521</b>    | 4,909,653    |
| <b>Sócmhainní lomlána lúide dlíteanais reatha roimh Phinsin</b> |       |                     |              |
|   |       | <b>8,656,348</b>    | 8,519,727    |
| <b>Sochair scoir</b>  |       |                     |              |
| Sócmhainn an chistithe iarchurtha um shochar scoir              | 12(c) | <b>85,022,000</b>   | 82,188,000   |
| Oibleagáid um shochar scoir                                     | 12(b) | <b>(85,022,000)</b> | (82,188,000) |
|   |       | –                   | –            |
|   |       | <b>8,656,348</b>    | 8,519,727    |
| <b>Lena léirítear</b>   |       |                     |              |
| Cuntas caipitil   | 5     | <b>3,392,827</b>    | 3,610,074    |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe                                    |       | <b>5,263,521</b>    | 4,909,653    |
|   |       | <b>8,656,348</b>    | 8,519,727    |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

**Thar ceann an Bhoird:**



**Roger Blackburn**  
Comhalta Boird

**5 Meitheamh 2018**



**Geraldine Larkin**  
Príomhfheidhmeannach

**5 Meitheamh 2018**

# Ráiteas na Cuideachta ar Staid an Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2017

|   | Nótaí | 2017<br>€    | 2016<br>€    |
|---|-------|--------------|--------------|
| <b>Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad</b>                    |       |              |              |
| Maoin, gléasra agus trealamh                                    | 6     | 3,310,930    | 3,491,268    |
| <b>Sócmhainní reatha</b>  |       |              |              |
| Méideanna Infhála   | 8     | 3,523,458    | 3,127,767    |
| Airgead agus coibhéisí airgid                                   |       | 708,053      | 718,508      |
|   |       | 4,231,511    | 3,846,275    |
| <b>Dlíteanais reatha (a bheidh dlíte &lt; 1 bhliain amháin)</b> |       |              |              |
| Méideanna infoctha  | 9     | 3,650,663    | 4,095,234    |
|   |       | 580,848      | (248,959)    |
| <b>Sócmhainní lomlána lúide dlíteanais reatha roimh Phinsin</b> |       |              |              |
|   |       | 3,891,778    | 3,242,309    |
| <b>Sochair scoir</b>  |       |              |              |
| Sócmhainn an chistithe iarchurtha um shochar scoir              | 12(c) | 85,022,000   | 82,188,000   |
| Oibleagáid um shochar scoir                                     | 12(b) | (85,022,000) | (82,188,000) |
|   |       | –            | –            |
| <b>Glansócmhainní</b>   |       |              |              |
|   |       | 3,891,778    | 3,242,309    |
| <b>Lena léirítear</b>   |       |              |              |
| Cuntas caipitil   | 5     | 3,310,930    | 3,491,268    |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe                                    |       | 580,848      | (248,959)    |
|   |       | 3,891,778    | 3,242,309    |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

Thar ceann an Bhoird:



**Roger Blackburn**  
Comhalta Boird

5 Meitheamh 2018



**Geraldine Larkin**  
Príomhfheidhmeannach

5 Meitheamh 2018

## Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

|   | Nótaí | 2017<br>€        | 2016<br>€        |
|---|-------|------------------|------------------|
| <b>Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>         |       |                  |                  |
| Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain                       |       | 483,614          | (177,304)        |
| Ús bainc  |       | (1,312)          | (492)            |
| Muirear dímhéasa  | 6     | 628,994          | 742,499          |
| Caillteanas/(brabús) ar dhiúscairt maoin, gléasra agus trealamh   |       | 6,727            | (1,758)          |
| (Méadú)/laghdú ar mhéideanna infhála                              |       | (540,206)        | 178,416          |
| (Laghdú)/méadú ar mhéideanna iníoctha                             |       | (196,752)        | 217,871          |
| Coigeartú um aistriú airgeadra                                    |       | (334,907)        | 90,450           |
| <b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>      |       | <b>46,158</b>    | <b>1,049,682</b> |
| <b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>          |       |                  |                  |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach         | 6     | (445,311)        | (534,315)        |
| Fáltais ó dhíol maoin, gléasra agus trealamh                      |       | 14,751           | 1,850            |
| <b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b> |       | <b>(430,560)</b> | <b>(532,465)</b> |
| <b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe</b>               |       |                  |                  |
| Ús bainc  |       | 1,312            | 492              |
| <b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe</b>        |       | <b>1,312</b>     | <b>492</b>       |
| <b>(Laghdú)/méadú glan ar airgead agus coibhéisí airgid</b>       |       | <b>(383,090)</b> | <b>517,709</b>   |
| <b>Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir</b>           |       | <b>1,677,081</b> | <b>1,159,372</b> |
| <b>Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig</b>         |       | <b>1,293,991</b> | <b>1,677,081</b> |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 1. Beartais Chuntasaióchta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaióchta agus na beartais shuntasacha chuntasaióchta a ghlac an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

### *Faisnéis ghinearálta*

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán, 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Tá feidhmeanna reachtúla NSAI sainithe sna hAchtanna seo a leanas: An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996; An tAcht Méadreolaíochta, 1996; An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na cláir lárnacha mhéadreolaíochta, chaighdeánaithe agus méadreolaíochta dlí maidir le tomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus sa mheasúnú comhréireachta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), arb é airgeadra feidhmeach an Údaráis é freisin.

### *Ráiteas maidir le comhlionadh*

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgid a bhfuil feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Bunús an chomhdhlúthaithe

Cuimsítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite torthaí an Údaráis agus a fochuideachta ar lánúinéireacht, NSAI Inc. Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an 1 Iúil 1997 mar chorporáid neamhbhrabúis. Féach Nóta 13 le haghaidh tuilleadh sonraí. Níl beartais chuntasaióchta na fochuideachta éagsúil leo siúd de chuid an Údaráis.

### *Bunús an ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dlíteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaióchta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuireadh na beartais chuntasaióchta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i leith nithe a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais chomhdhlúite NSAI.

### *Ioncam*

Tugtar cuntas i leith an ioncaim ar fad, seachas an Deontas Oireachtais, sa tréimhse ina dtuilltear é. Déileáiltear le táillí arna n-íoc roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhlíteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an gCuntas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe tráth sholáthar na seirbhíse.

### *Deontas Oireachtais*

Aithnítear deontais Oireachtais ar an tsamhail feidhmíochta. I gcás deontas nach bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe sa todhchaí ar an bhfaighteoir faoi, aithnítear mar ioncam é nuair a fhaightear luach an deontais. I gcás deontas a bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe sa todhchaí ar an bhfaighteoir faoi, ní aithnítear mar ioncam é go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha feidhmíochta sin.

### *Aistriú airgeadraí eachtracha*

#### **(a) Idirbhearta in airgeadra eachtrach**

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus speansais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe le brabús agus le cailteanais a eascraíonn ó aistrithe airgeadra eachtraigh tráth ghlanadh na méideanna infhála agus na méideanna iníochta in airgeadra eachtrach.

#### **(b) Oibríochtaí eachtracha**

Nuair atá torthaí na hoibríochta eachtraí á n-aistriú lena gcuimsiú sna ráitis airgeadais, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Is sa chúlchiste a aithnítear an difríocht aistrithe airgeadra a eascraíonn ó athshonrú na n-oibríochtaí eachtracha in euro – arb é an t-airgeadra feidhmiúil é – de bharr athruithe ar na rátaí malairte (sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe faoin gceannteideal ‘coigeartú aistrithe’ i leith míreanna airgeadaíochta agus sa Chuntas Caipitil i leith difríochtaí ath-aistrithe i ndáil le sócmhainní seasta.) Aistrítear ioncam agus costais de réir meánrátaí malairte ar bhonn tréimhsí míosúla. Is i gcúlchiste na hoibríochta freisin a aithnítear aon difríocht a eascraíonn ón aistriú airgeadra i gcomparáid leis an ráta atá sa Ráiteas ar Staid An Airgeadais.

### *Maoin, gléasra agus trealamh*

Tá maoin, gléasra agus trealamh ar le NSAI iad luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, agus an luach coigeartaithe i leith soláthar ar bith i ndáil le lagú. Déantar an dímheas a ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar an gcostas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn an mhéid chothroim, mar seo a leanas:

- |                                       |           |
|---------------------------------------|-----------|
| i. Trealamh, Daingneáin agus Feisteas | 5 bliana  |
| ii. Ríomhairí                         | 3 bliana  |
| iii. Talamh agus Foirgnimh            | 50 bliana |
| iv. Mótarfheithiclí                   | 5 bliana  |

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d’aois agus sa riocht cheana féin a bheifí ag súil leis ag deireadh a saoil úsáidigh.

Más ann d’fhianaise oibiachtúil ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas i ndáil le lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i leith na bliana.

### *Cuntas caipitil*

Léiríonn an cuntas caipitil ioncam deontais a úsáidtear chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil agus déantar é a dhíscríobh i gcomhréir leis na beartais dímheasa agus athluachála i leith na sócmhainní gaolmhara.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## *Ar lean*

### *Méideanna infhála*

Aithnítear méideanna infhála ar a luach cóir, lúide soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha. Déantar an soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha i ndáil le féichiúnaithe amhrasacha sonraithe agus déantar soláthar breise i gcoinne fiacha trádála eile, nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh NSAI ná NSAI Inc. in ann gach méid atá dlíte dóibh a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

### *Léasanna oibriúcháin*

Aithnítear caiteachas miondíola faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaol an léasa. Aithnítear an caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair a bhíonn arduithe cíosa i gceist atá nasctha leis an ráta boilsicthe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na harduithe sin tráth a dtabhaithe. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaol an léasa.

### *Sochair fostaithe*

#### **(a) Sochair Ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair gearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair arna bhfabhrú ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Méideanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

#### **(b) Sochair Scoir**

Aithnítear idirbhearta, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna pinsin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe, sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais i gcomhréir le ceanglais Alt 28 de FRS 102: Sochair Fostaithe.

### *Scéim NSAI*

Feidhmíonn NSAI scéim pinsin le sochar sainithe, arna cistiú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil dó agus ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail foirne.

Léiríonn na costais sochair scoir na sochair phinsin a thuill fostaithe, agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a gcoinníonn NSAI iad. Is mar ioncam a aithnítear suim arb ionann í agus an muirear scoir sa mhéid agus go bhfuil sí inghnóthaithe, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar na toimhdí achtúireacha agus ar bharrachais agus easnaimh ó thaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i leith na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn na dliteanais sochair scoir luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú iarchurtha um shochar scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

### *Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí*

Ina theannta sin, feidhmíonn NSAI Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ('an Scéim Aonair'), ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhail na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

### *Asbhaint a bhaineann le Pinsean*

Faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009, tugadh isteach asbhaint a bhaineann le pinsean i gcás na mball foirne go léir atá ina mbaill de scéim pinsin seirbhíse poiblí, lena n-áirítear baill foirne de chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Bailíodh an asbhaint agus cuireadh í chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (féach Nóta 3).

### *Breithiúnais agus meastacháin shuntasacha i leith na cuntasáíochta*

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i leith sócmhainní agus dliteanas amhail deireadh na bliana agus ar na méideanna arna dtuairisciú i leith ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasáí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

#### **(a) Lagú maoine, gléasra agus trealaimh**

Déantar sócmhainní atá faoi réir dímhéasa a athbhreithniú i ndáil le lagú nuair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear cailteanas i ndáil le lagú mar an difríocht idir méid inghnóthaithe na sócmhainne agus a suim ghlanluacha. Is ionann méid inghnóthaithe na sócmhainne agus a luach cóir lúide an costas díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is mó. Chun measúnú a dhéanamh ar an lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil de réir na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid is féidir a aithint ar leithligh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais atá lagaithe le haghaidh aisiompú féideartha ar an lagú ar gach dáta tuairiscithe.

#### **(b) Oibleagáid um shochar scoir**

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí is bonn leis na meastacháin achtúireacha dá gcinntear na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treochnaí um chostas cúraim sláinte) ar bhonn na ndálaí geilleagracha atá i réim faoi láthair, agus i leith athrú ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar na toimhdí:

- i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- iii. treochnaí um chostas cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe i dtaobh costas leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. Ioncam

|   |            | 2017       | 2016       |
|---|------------|------------|------------|
|   |            | €          | €          |
| Táillí deimhniúcháin                    |            | 17,891,079 | 17,910,902 |
| Díol caighdeán                          |            | 1,075,335  | 947,642    |
| Ioncam eile                             |            | 264,045    | 148,175    |
| Ús bainc                                |            | 1,312      | 492        |
|   |            | 19,231,771 | 19,007,211 |
| Glanchistiú iarchurtha um shochar scoir | Nóta 12(c) | 3,426,000  | 3,600,000  |
|   |            | 22,657,771 | 22,607,211 |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Ar lean

### 3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta

|  |           | 2017<br>€         | 2016<br>€  |
|--|-----------|-------------------|------------|
| Pá   | Nóta 3(a) | 11,252,904        | 10,820,478 |
| Luach saothair agus speansais na gcomhaltaí boird                | Nóta 14   | 57,763            | 57,037     |
| Speansais taistil  | Nóta 3(b) | 1,180,226         | 1,223,742  |
| Fochonraitheoirí   | Nóta 3(c) | 5,651,107         | 5,771,408  |
| Soláthar Seirbhíse Seachtraí                                     |           | 579,287           | 631,607    |
| Sainchomhairleacht   | Nóta 3(d) | 134,061           | 132,464    |
| Cíosanna, rátaí, obair dheisithe agus chothabhála                |           | 1,772,585         | 1,883,967  |
| Costais oibriúcháin eile   | Nóta 3(e) | 2,011,938         | 2,012,295  |
| Cailteanas/(brabús) ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh |           | 6,727             | (1,758)    |
| Sintiúis d'eagraíochtaí  |           | 738,557           | 632,643    |
| Dímheas  | Nóta 6    | 628,994           | 742,500    |
|  |           | <b>24,014,149</b> | 23,906,383 |

#### (a) Pá

|                          | 2017<br>€         | 2016<br>€  |
|--------------------------|-------------------|------------|
| Pá agus tuarastail       | 10,330,049        | 9,987,057  |
| Ragobair                 | 87,378            | 73,072     |
| Liúntais                 | 70,820            | 46,033     |
| Costais leasa shóisialta | 769,528           | 714,180    |
| Costais aoisliúntais     | (4,871)           | 136        |
|                          | <b>11,252,904</b> | 10,820,478 |

Baineadh asbhaintí pinsin €488,733 (2016: €499,268) as tuarastail agus íocadh iad leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Baineadh asbhaintí €45,260 (2016: €16,675) as tuarastail i leith Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus íocadh iad leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Bhí 147 duine fostaithe (coibhéis lánaimseartha) amhail an 31 Nollaig 2017. (2016: 138).

#### (b) Speansais Taistil:

Tá príomhoifig NSAI lonnaithe i gCearnóg Swift, Seantrabh agus tá oifigí agus ionaid réigiúnacha aige ar fud na hÉireann. Tá oifig fochuideachta aige freisin in Nashua, New Hampshire, i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Meastar gur Taisteal Idirnáisiúnta é an taisteal lasmuigh d'Éirinn i gcás na mball foirne go léir atá lonnaithe in Éirinn. Maidir le baill foirne atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, meastar gur Taisteal Inmheánach é an taisteal laistigh de na Stáit Aontaithe, agus gur Taisteal Idirnáisiúnta é an taisteal lasmuigh de na Stáit Aontaithe. Ba é €842,376 an costas iomlán a thabhaíodh i leith taisteal agus cothabháil inmheánach in 2017 (2016: €839,911). Ba é €337,850 an costas iomlán a thabhaíodh i leith taisteal agus cothabháil idirnáisiúnta (2016: €383,831).



*(c) Fochonraitheoirí*

Baineann costais fochonraitheoirí leis an leas a bhaintear as saineolaithe speisialaithe a bhíonn ag plé le soláthar gníomhaíochtaí a ghineann ioncam do NSAI.

*(d) Sainchomhairleacht:*

|                                  | 2017           | 2016    |
|----------------------------------|----------------|---------|
|                                  | €              | €       |
| Acmhainní Daonna agus Pinsin     | 59,710         | 70,837  |
| Comhairle dlí                    | 65,907         | 50,171  |
| Comhairle Airgeadais/Achtúireach | 2,500          | 3,500   |
| Eile                             | 5,944          | 8,406   |
|                                  | <b>134,061</b> | 132,464 |

*(e) Costais Oibriúcháin Eile:*

|  | 2017             | 2016      |
|--|------------------|-----------|
|  | €                | €         |
| Fógraíocht, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí                 | 331,135          | 407,071   |
| Costais TFC  | 468,374          | 439,096   |
| Cumarsáid, Clóbhuailleadh agus Foilseacháin                  | 444,885          | 389,679   |
| Costais Airgeadais   | 251,319          | 136,900   |
| Árachas  | 246,681          | 220,571   |
| Forbairt Foirne  | 83,724           | 235,397   |
| Táille Iniúcháireachta – An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste | 23,000           | 22,000    |
| Táille Iniúcháireachta – Táillí Iniúcháireachta Inmheánaí    | 11,450           | 20,100    |
| Costais Oibriúcháin Eile                                     | 151,370          | 141,481   |
|  | <b>2,011,938</b> | 2,012,295 |

*(f) Caiteachas ar fháilteachas:*

Ba é an caiteachas ar fháilteachas in 2017 ná €20,765 (2016: €31,972) lenar cuimsíodh fáilteachas i gcomhair cliant dar luach €7,695 (2016: €16,185) agus rannpháirtíocht leis na fostaithe/leas foirne dar luach €13,070 (2016: €15,787). Áirítear leis na costais ar rannpháirtíocht leis na fostaithe/leas foirne ranníocaíocht i leith ócáidí a réachtálann club sóisialta na foirne agus i leith cleachtaí maidir le neartú na foirniúlachta.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Ar lean

(g) Miondealú ar na sochair foirne:

| Réimse na sochar iomlán d'fhostaithe | Líon na bhfostaithe in 2017 | Líon na bhfostaithe in 2016 |
|--------------------------------------|-----------------------------|-----------------------------|
| €60,000 – €69,999                    | 27                          | 27                          |
| €70,000 – €79,999                    | 17                          | 20                          |
| €80,000 – €89,999                    | 27                          | 23                          |
